ag obair i gcomhar le chéile…

# chun leas agus sláinte tomhaltóirí a chosaint

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann **Tuarascáil Bhliantúil 2009**



Food Safety
AUTHORITY OF IRELAND

## Deich mbliana a cheiliúradh

Is é 2009 an deichiú bliain ó bunaíodh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann mar an ghníomhaireacht náisiúnta rialúcháin bhia a bhfuil sé de chúram uirthi leas agus sláinte tomhaltóirí a chosaint.

leathanach 4 →

Food Safety AUTHORITY OF IRELAND 1999 2009

Celebrating ten years



## Chuig an Aire Sláinte agus Leanaí

Tá áthas ar an mbord a dheichiú tuarascáil bhliantúil agus cuntais a chur faoi bhráid an Aire don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2009, de réir Alt 25 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.



**An tUasal Eamonn Ryan**
Cathaoirleach




**An tOllamh Alan Reilly**
Príomhfheidhmeannach

## Ár Misean

Is é ár misean sláinte agus leas tomhaltóirí a chosaint trí dheimhin a dhéanamh de go sásaíonn an bia a itear, a scaiptear, a chuirtear ar an margadh nó a tháirgtear sa stát na caighdeáin is airde maidir le sláinteachas agus sábháilteacht bhia.

# Clár Ábhar






**Athbhreithniú ar an mBliain** leathanach 2 →

02 Ráiteas an Chathaoirligh
04 Deich mBliana chun Tosaigh i Sláinteachas agus Sábháilteacht Bhia
06 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
10 Athbhreithniú Rialála
40 Bainistiú Teagmhas
42 Eolaíocht
48 Cumarsáid
56 Rialachas Corparáideach

**Ár Rialachas** leathanach 58 →

58 Gníomhaireachtaí Oifigiúla
59 Struchtúr Bainistíochta
60 Comhaltaí an Bhoird
62 Comhaltaí an Choiste Eolaíoch
64 Comhaltaí na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia
65 Comhaltaí an Fhóraim Tionscail
66 Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Bhoird/an Phríomhfheidhmeannaigh
67 Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch

**Ráitis Airgeadais** leathanach 68 →

68 Ráitis Airgeadais

# Ráiteas an Chathaoirligh



**An tUasal Eamonn Ryan** Cathaoirleach



Níl mórán nithe níos tábhachtaí sa saol ná sábháilteacht an bhia a ithimid agus a mbainimid taitneamh as gach lá. I gcás mórán daoine in Éirinn, tá bia i gcroílár a saoil oibre agus bíonn tionchar díreach aige sin ar ár ngeilleagar agus ar chúrsaí slándála pearsanta. Tá sábháilteacht bhia riachtanach, ní hamháin ó thaobh breoiteacht a sheachaint, ach freisin chun ár sláinte, ár rathúnas, ár bhféiniúlacht chultúrtha agus ár mórtas a chothú.

Baineadh amach cloch mhíle i stair an Údaráis in 2009, nuair a rinne sé a 10ú bliain a cheiliúradh. Deich mbliana ó shin, rinne ár Rialtas cinneadh fadradharcach chun an tÚdarás a bhunú – ceann de na chéad ghníomhaireachtaí náisiúnta rialúcháin bhia aonair san Eoraip. Thar na deich mbliana seo a chuaigh thart, tá an tÚdarás tar éis a léiriú go gcuireann sé breisluach leis an gcóras náisiúnta rialúcháin bhia in Éirinn. Bhí sé ina thasc tosaíochta tús áite a thabhairt do leas agus sláinte tomhaltóirí, agus, mar sin, deimhin a dhéanamh de go mbaintear amach an leibhéal sláinteachais agus sábháilteachta bia is airde i gcás na mbianna a itear, a tháirgtear, a scaiptear agus a chuirtear ar an margadh in Éirinn.

Ón am a bunaíodh é, dhírigh an tÚdarás ar an gcóras náisiúnta rialúcháin bhia a fhorbairt agus a threisiú. Ba é ról an Údaráis comhordú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta bia ar fud na ngníomhaireachtaí náisiúnta go léir, agus deimhin a dhéanamh de go dtacaíonn an fhianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil leis na gníomhartha forfheidhmiúcháin. I measc na bpríomhthascanna le deich mbliana anuas, bhí tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi shábháilteacht an bhia a itheann siad, agus comhairle a chur ar airí maidir le cúrsaí a bhaineann le beartas sábháilteachta bia. Gan tacaíocht agus tiomantas leanúnach fhoireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla a oibríonn ar conradh seirbhíse don Údarás, ní bheadh torthaí ár n-iarrachtaí ná ár n-éachtaí thar na deich mbliana sin bainte amach againn in aon chor. Táimid fíorbhuíoch díobh as a ngairmiúlacht agus a n-iarrachtaí, mar aon lena ndíograis agus a gcumas coinneáil ar an eolas faoi réimse reachtaíochta na sábháilteachta bia a bhíonn ag athrú i gcónaí.

Tá tionscal an bhia fíorthábhachtach dúinn agus cuireann sé go hollmhór leis an ngeilleagar. Tá baint aige le gach gné de shochaí na hÉireann – turasóireacht, sláinte agus cultúr. Bhí sé ina ábhar tosaíochta don Údarás comhpháirtíochtaí dílse a chruthú leis na hearnálacha uile ar fud an bhiashlabhra. Oibríodh chun tiomantas do shábháilteacht bhia a fháil ó thionscal an bhia, agus chun próisis agus struchtúir a fhorbairt d'fhonn caighdeáin sláinteachais bhia a choinneáil agus a fheabhsú. Níl margadh ann le haghaidh bia nach bhfuil sábháilte agus cabhraíonn an tÚdarás, mar rialtóir sofheicthe agus inchreidte, chun bonn taca a thabhairt don mhuinín atá ag tomhaltóirí i sábháilteacht an bhia in Éirinn. Bhí obair ar leibhéal idirnáisiúnta ina cuid thábhachtach de chlár oibre an Údaráis freisin, agus cruthaíodh líonraí gníomhacha le gníomhaireachtaí sábháilteachta bia ar fud an domhain, ar leibhéal corparáideach agus leibhéal gairmiúil araon, mar thoradh ar an obair sin.

*"Níl margadh ann le haghaidh bia nach bhfuil sábháilte agus cabhraíonn an tÚdarás, mar rialtóir sofheicthe agus inchreidte, chun bonn taca a thabhairt don mhuinín atá ag tomhaltóirí i sábháilteacht an bhia in Éirinn."*

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh, ar son an Bhoird, chun buíochas a ghabháil le Mary Harney, T.D., an tAire Sláinte agus Leanaí, agus le foireann a Roinne as an gcomhpháirtíocht dhearfach leanúnach atá againn leo agus iad ag cabhrú linn inár gcuid iarrachtaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Brendan Smyth T.D., an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus lena fhoireann a thug tacaíocht don Údarás ina chuid oibre agus lena chuid gníomhartha i mbliana.

Tá mo chomhghleacaithe ar an mBord tar éis roinnt mhaith saineolais, ama agus treorach a chur ar fáil don Údarás. Táim fíorbhuíoch as a rannpháirteachas dearfach agus as an méid a chuir siad le treoir straitéiseach an Údaráis, agus as an tacaíocht phearsanta a thug siad dom le cabhrú liom i mo ról. Ar an gcuma chéanna, ba mhian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia as a gcomhairle mhaith ar na saincheisteanna níos leithne a bhíonn i gceist leis an gclár sábháilteachta bia.

Táim fíorbhuíoch do gach duine de chomhaltaí an Choiste Eolaíoch agus na bhFochoistí. Tugann siad a gcuid ama agus a ngéire intinne eolaíoch dár struchtúr comhairleach eolaíoch ar bhonn deonach ar mhaithe le sláinte an phobail a chosaint. Ní féidir fiúntas inbhraite na sócmhainne eolaíche ollmhóire seo a mheas. Cuirtear smaointí, eolas agus saineolas den scoth maidir le hábhair eolaíocha ar fáil don Údarás léi. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, an tOllamh Alan Reilly, agus le foireann an Údaráis as ucht a gcuid oibre leanúnaí, a ndúthrachta agus a ndíograis.

De réir mar a dhruidimid i dtreo dheireadh ár ndeichiú bliain i bhfeidhm, is féidir linn a bheith cinnte go bhfuil gníomhaireacht náisiúnta sábháilteachta bia shofaisticiúil ag Éirinn atá i ndea-staid chun sláinte tomhaltóirí a chosaint maidir le bia. Is é an dúshlán atá ann anois ná leanúint orainn ag forbairt agus ag dul ar aghaidh d'fhonn saincheisteanna sábháilteachta bia nua atá ag teacht chun cinn a aithint, pleanáil ina leith agus dul i ngleic leo, agus an fhianaise eolaíoch is fearr a sholáthar mar an bonn le haghaidh gníomhartha rialúcháin agus beartais bia. Níl aon amhras orm ach go leanfaidh an fhoireann atá ann a bheith solúbtha agus uilechuimsitheach, agus go bhfanfaidh fís an Údaráis amhlaidh, ag seasamh an fóid agus ag dul in oiriúint mar atá déanta acu le deich mbliana anuas. Cabhróidh an méid sin go mór dúinn agus muid ag dul ar aghaidh.

# Deich mBliana chun Tosaigh i Sláinteachas agus Sábháilteacht Bhia




## Croineolaíocht na Mórimeachtaí maidir le Sábháilteacht Bhia in Éirinn: 1999-2009

Food Safety AUTHORITY OF IRELAND 1999 2009

*Celebrating ten years*

Deich mbliana ó shin, bunaíodh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann mar cheann de na chéad ghníomhaireachtaí náisiúnta rialúcháin bhia aonair san Eoraip agus cuireadh faoina chúram sláinte agus leas tomhaltóirí a chosaint.

### 1999

**Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe**
Bhí easpa eolais agus mearbhall maidir le hOrgánaigh Ghéinmhodhnaithe ina ábhar imní do thomhaltóirí.

**Éilliú Dé-ocsaine sa Bheilg**
Moladh do thomhaltóirí gan bianna ó mBeilg a raibh tionchar ag éilliú dé-ocsaine orthu (muiceoil, mairteoil, táirgí déiríochta, éanlaith chlóis agus táirgí uibhe ó ainmhithe a tógadh idir 15 Eanáir agus 1 Meitheamh 1999) a cheannach ná a ithe.

**Antaibheathaigh a Úsáid san Fheirmeoireacht**
Eisíodh comhairle i ndiaidh don Choiste Comhairleach maidir le Sábháilteacht Mhicribhitheolaíoch Bhia sa Ríocht Aontaithe (UK Advisory Committee on the Microbiological Safety of Food) tuarascáil a fhoilsiú ar shábháilteacht bhia maidir le frithsheasmhacht antaibheathach miocróbach.

### 2000

**Táirge a Aisghairm: Liamhás Cócaráilte**
I ndiaidh roinnt cásanna de *Salmonella* Typhimurium DT104 san Oirthuaisceart, d'eisigh Bord Sláinte an Oirthuaiscirt agus an tÚdarás réamhrabhadh gan liamhán cócaráilte ar táirgeadh é i monarcha feola bheag i gCo. na Mí a ithe.

**Galar Weil**
Eisíodh comhairle don tionscal maidir le rialú creimirí i ndiaidh tuairiscí go bhfuair fear ó Luimneach bás de thoradh ghalar Weil.

**Einceifileapaite Spúinseach Bhólachta (BSE)**
Tugadh aird níos mó ar shábháilteacht an bhiashlabhra, agus bhí imní níos mó ar thomhaltóirí faoi, de bharr na géarchéime BSE.

### 2001

**Táirge a Aisghairm: Liamhás Cócaráilte**
Aithníodh speicis *Salmonella* i mbaisc liamháis chócaráilte a táirgeadh i gCorcaigh.

**Táirge a Aisghairm: Bainne Foirmle do Naíonáin**
Rinne déantóir bia naíonán baisceanna sonracha dá bhainne foirmle do naíonáin a aisghairm go deonach, toisc go ndúradh go raibh baint aige le cás ispíneachais ag naíonán sa Ríocht Aontaithe.

### 2002

**Táirge a Aisghairm: Ribí Róibéis agus Cloicheáin**
Chuir Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia in iúl don Údarás go bhfuarthas rianta de na ceimiceáin 3-aimín-2-ocsasóilidinóin (AOZ), 5-morfóilínimeitil-3-aimínea-ocsasóilidinóin (AMOZ) agus leathcharbaisíd (SEM) trí thástáil a dhéanamh ar shamplaí de ribí róibéis agus chloicheáin ó uiscí alathe na hÁise Thoir Theas a bhí ar díol i dTuaisceart Éireann.

**Allmhairíodh Filléid Sicín Isteach go hÉirinn lena raibh Sárú ar na Dlíthe maidir le Lipéadú Bia i gceist**
Fuarthas go raibh breiseáin nár nochtadh nó nár luadh go cruinn ar lipéadú na dtáirgí i gcoibhneas ard de na filléid sicín a allmhairíodh, agus i mórán cásanna bhí an méid uisce níos mó ná mar a fógraíodh.




**Riosca d'Ionfhabhtú *E. coli* O157**
Leitheadúlacht *E. coli* O157:H7 in 2.8% de mhairteoil mhionaithe agus burgair mhairteola in Éirinn.

**Aicriolaimíd**
D'aithin an tÚdarás Náisiúnta Bia sa tSualainn (National Food Administration, Sweden) ábhar salaithe próisis nua a bhí ag dul i gcion ar bhianna próiseáilte ar fud an bhiashlabhra.

## 2003

**Leathcharbaisíd**
Fuarthas go raibh leathcharbaisíd i gcodanna beaga de bhianna áirithe.

## 2004

**Cás Amhrasta d'athraitheach ar Ghalar Creutzfeldt-Jakob**
Tuairiscíodh cás amhrasta d'athraitheach ar Ghalar Creutzfeldt-Jakob maidir le fear Éireannach.

## 2005

**Táirge a Aisghairm: Sudan Dearg 1**
Baineadh úsáid as dathán bia dearg neamhdhleathach, Sudan Dearg 1, chun púdar cillí a dhéanamh. Rinneadh líon mór táirgí bia a bhí ar díol in Éirinn a aisghairm.

**Táirge a Aisghairm: Paraidheargach**
Rinneadh roinnt táirgí éagsúla a aisghairm toisc go raibh siad éillithe leis an dathán bia dearg neamhdhleathach, Paraidheargach.

## 2006

**Tarraingíodh Aird ar Bhaol Folaigh *E.coli* in Áiseanna Cúram Leanaí**
De bharr na rioscaí a bhaineann leis na baictéir dhainséaracha *E. coli* O157 in áiseanna cúram leanaí agus i gcreiseanna, d'fhoilsigh an tÚdarás bileog faisnéise a bhí dírithe go sonrach ar ghairmithe cúram leanaí.

**Táirge a Aisghairm: Seacláid Cadbury**
Thionscain Cadbury Ireland aisghairm tionscail toisc gur aithníodh *Salmonella* Montevideo i roinnt táirgí.

## 2007

**Dearg 2G**
Ní cheadófar an dath Dearg 2G (a úsáidtear in ispíní) a úsáid i mbia a thuilleadh.

**SRM i láthair i gColún Veirteabrach Mairteola ó Ainmhithe os cionn 24 Mí**
Le linn don Údarás iniúchadh a dhéanamh ar mhonarcha feola i gCo. Chill Dara, fuarthas go raibh baol ann nár chomhlíon an mhairteoil a soláthraíodh do shiopaí búistéara áirithe na riachtanais i leith ábhar sonraithe priacail (SRM) a bhaineann le mairteoil a sholáthar ó ainmhithe faoi bhun 24 mí d'aois.

## 2008

**Briseadh amach *Salmonella* Agona**
Nimhiú bia de bharr bhriseadh amach *Salmonella* Agona a raibh tionchar aige ar an RA agus ar Éirinn.

**Nanaitheicneolaíocht i dTáirgeadh Bia**
Rinneadh roinnt moltaí i dtuarascáil a d'fhoilsigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le nanaitheicneolaíocht agus a feidhmeanna ionchais amach anseo maidir le bia agus pacáistiú bia lena chinntiú go ndéanfaí sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint i leith forbairtí sa réimse seo.

**Táirge a Aisghairm: Táirgí Muiceola agus Bagúin ó Éirinn**
Rinneadh na táirgí muiceola agus bagúin go léir ar an margadh, ar táirgeadh iad ó mhuca a maraíodh in Éirinn idir 1 Meán Fómhair agus 6 Nollaig 2008, a aisghairm de bharr éilliú dé-ocsaine féideartha.

## 2009

**Táirge a Aisghairm: Meascáin Síolta Seasamain**
Rinneadh síolta seasamain a aisghairm toisc go raibh speicis *Salmonella* le fáil iontu.

***Listeria monocytogenes* i Liamhás Slisnithe Bacáilte**
Fuarthas *Listeria monocytogenes* i mbaisc de liamhás slisnithe bácáilte a táirgeadh i gCarraig Mhachaire Rois.

**Táirge a Aisghairm: Liamhás Cócaráilte faoi Ghrabhróga**
Rinneadh liamhás a aisghairm mar bhí baol ann go raibh *Listeria monocytogenes* ann.

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



**An tOllamh Alan Reilly** Príomhfheidhmeannach
(Ó Mheitheamh 2009)



Ba bhliain speisialta í 2009 don Údarás, mar ba é comóradh deich mbliana ar an am a bunaíodh é mar an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as reachtaíocht bia a fhorfheidhmiú. Le linn na ndeich mbliana seo a chuaigh thart, dhírigh an tÚdarás ar obair na ngníomhaireachtaí oifigiúla go léir a thabhairt le chéile faoi chóras náisiúnta láraithe amháin chun sábháilteacht bhia a rialú. Bhí sé ina phríomhthosaíocht don Údarás tús áite a thabhairt do shláinte tomhaltóirí agus leas tomhaltóirí.

San áireamh leis an tasc seo tá obair lena chinntiú go bhfuil forfheidhmiú na reachtaíochta bia i gcoibhneas leis an mbaol, agus go ndéanfar na cinntí go léir i leith bainistíocht riosca bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil. Trí chomhoibriú idirghníomhaireachta níos fearr le blianta beaga anuas táthar tar éis comhsheasmhacht níos mó a bhaint amach ó thaobh forfheidhmiúcháin de, mar aon le comhtháthú níos fearr sa chóras náisiúnta sábháilteachta bia a rialú. Agus prionsabail na sármhaitheasa eolaíche, an neamhspleáchais, na hoscailteachta agus na trédhearcachta á threorú, chomhoibrigh an tÚdarás leis na geallsealbhóirí go léir d'fhonn comhairle eolaíoch iontaofa agus measúnuithe riosca iontaofa a chur ar fáil ar a bhféadfaí cinntí maidir le forfheidhmiú agus beartas sábháilteachta bia a bhunú. Bhí neamhspleáchas ón earnáil táirgthe bhia fíorthábhachtach chun muinín na ngeallsealbhóirí uile i sábháilteacht an tsoláthair bhia Éireannaigh a dhaingniú.

Rinneadh iniúchadh ar an gcóras náisiúnta sábháilteachta bia a rialú, nuair a thuairiscigh Oifig Bia agus Tréidliachta an Choimisiúin Eorpaigh ar iniúchadh ar an gcóras rialúcháin bhia agus bheathaithe in Éirinn. Rinneadh leorgacht agus forfheidhmiú an Phlean Náisiúnta Rialúcháin a scrúdú mar chuid den iniúchadh, mar aon leis an gcaoi a gcloíonn an Plean le dlí an Chomhphobail. D'ullmhaigh an tÚdarás an Plean Náisiúnta Rialúcháin, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, mar tá an Roinn freagrach as rialuithe oifigiúla maidir le beathú, sláinte plandaí agus ainmhithe, agus leas ainmhithe. Chinn an Oifig Bia agus Tréidliachta gur léirigh na húdaráis in Éirinn dearcadh cuiditheach maidir leis an bPlean Náisiúnta Rialúcháin a fhorbairt. Chinn sí freisin go raibh Éire ag comhlíonadh na riachtanas rialúcháin ar an iomlán. D'aithin sí roinnt réimsí inar gá feabhas a dhéanamh, agus cuireadh plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun déileáil leo sin. Faighimid muinín go bhfuil ár sprioc á baint amach againn ón dearcadh dearfach seo a léiríodh le measúnú seachtrach neamhspleách ar chóras rialúcháin bhia agus bheathaithe na hÉireann. Déanann na gníomhaireachtaí oifigiúla, le chéile, maoirseacht ar oibríochtaí beagnach 49,000 gnó bia in Éirinn.

Rinne an tÚdarás sraith seimineár a óstáil in 2009 chun gnóthaí bia, foireann oifigiúil na ngníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoi dhlíthe, chleachtais agus thionchair nua maidir le bia sábháilte a sholáthar. Ba é an cuspóir ná caighdeáin chomhlíontachta níos airde a chur chun cinn, agus deimhin a dhéanamh de go raibh gach duine ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí. Clúdaíodh ábhair amhail córais inrianaitheachta feola, forbhianna, saill i mbianna a

laghdú, na hiarmhairtí a bhíonn i gceist le dramhaíl a leathadh ar thalamh a úsáidtear chun bia a tháirgeadh, agus an clár laghdaithe saille, sna seimineáir. Ina theannta sin, chun freastal ar an méadú atá tagtha ar an méid bia-ábhar eitneach atá á bhfás in Éirinn, cuireadh cúrsaí oiliúna speisialta maidir le sábháilteacht bhia ar fáil do shiopaí bia Afracaigh agus d'oifigigh fhorfheidhmiúcháin a dhéanann iniúchadh ar shiopaí bia Afracaigh.

Rinneadh láithreán Gréasáin an Údaráis, atá ina acmhainn lárnach le haghaidh faisnéise don tionscal, do ghrúpaí ar suim leo é agus do thomhaltóirí, a athdhearadh agus cuireadh béim faoi leith ar é a fheabhsú mar fhoinse faisnéise le aghaidh thionscal an bhia. Tá cuid nua ann anois atá tiomnaithe do 'ghnóthaí bia', ina dtugtar treoir maidir le hábhair amhail gnó bia nua a thosú, anailís ghuaise agus phointí rialúcháin criticiúla, agus oiliúint.

Seoladh an *Safe Catering Pack* nua in 2009, a chabhróidh le breis agus 31,000 gnó seirbhíse bia a riachtanas dlíthiúil chun bia a bhainistiú go sábháilte a chomhlíonadh. Forbraíodh an pacáiste go príomha le haghaidh gnóthaí lónadóireachta, ach baineann sé le miondíoltóirí a bhfuil feidhm lónadóireachta ina gcuid gnó acu chomh maith. D'éirigh go han-mhaith lena sheoladh agus thug earnáil an bhia aiseolas dearfach ina leith.

D'fhan freagracht an Údaráis maidir le teagmhais bhia a bhainistiú airdeallach i gcónaí le linn 2009. Ina ról mar an pointe teagmhála Éireannach don Chóras Mear-rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, rinne sé thart ar 1,800 mear-rabhaidh bia a phróiseáil agus tugadh tosaíocht dóibh ó thaobh gnímh de mar is cuí in Éirinn.

Baineadh ardleibhéal nua amach in 2009 maidir lenár gcuspóir, i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, chun salann a laghdú san aiste bia laethúil. Ó thosaigh an clár roinnt blianta ó shin, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an tionscal ó thaobh an méid salainn i mbianna próiseáilte a laghdú ar bhonn deonach. Tá bacainní teicniúla i gceist do roinnt gnóthaí bia áfach má tá siad chun laghduithe breise a bhaint amach. Rinneadh an sprioc náisiúnta de 6g (nó taespúnóg amháin) in aghaidh an lae, maidir leis an méid salainn a itear, a shíneadh go dtí 2012 mar chuid de chlár ar fud an AE. Ní mór béim níos mó a chur ar chumarsáid le tomhaltóirí chun an méid salainn a itear ag an mbord a laghdú, i gcomhréir le hiarrachtaí an tionscail. Díreoidh an tÚdarás ar sin amach anseo.


## Ag Breathnú ar Aghaidh

De réir mar a bhogaimid ar aghaidh táimid ag dul i ngleic le cúrsaí eacnamaíochta nach raibh le feiceáil in Éirinn roimhe seo. Tá muinín agam, áfach, go mbeimis in ann aghaidh a thabhairt ar an dúshlán agus cur le rathúlacht na ndeich mbliana seo a chuaigh thart. Ní mór dúinn a bheith in ann luach ar airgead a léiriú, agus éifeachtúlachtaí a lorg sa chaoi a n-oibrímid agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil an córas rialúcháin bhia oiriúnach don chuspóir. Is é an príomhdhúshlán ná go bhfuil orainn a bheith in ann a léiriú go bhfuil gach gné de na rialuithe oifigiúla, idir chigireachtaí, sampláil, agus anailísí ar bhia, ar na rialuithe is oiriúnaí. Ní mór dúinn a bheith in ann a thaispeáint go ndéanaimid ár gcuid acmhainní a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus go bhfuil clár sábháilteachta bia á chur ar fáil againn lena gcosnaítear sláinte agus leas tomhaltóirí araon, agus lena dtugtar muinín don phobal i sábháilteacht na mbianna atá á dtáirgeadh in Éirinn. Tá sábháilteacht bhia ina freagracht chomhroinnte agus tá tionscal an bhia freagrach as bia sábháilte a tháirgeadh, a chur ar an margadh agus a scaipeadh. Is é an dúshlán don tionscal ná nach mór dóibh a bheith in ann caighdeáin arda sláinteachais a léiriú le linn táirgthe, margaithe agus scaipthe, chomh maith le córais bainistíochta sábháilteachta bia a threisiú agus bearta aisghairme agus inrianaitheachta cuimsitheacha a fhorbairt.

Tá gach rath a bhí ar an Údarás go dtí seo go mór faoi chomaoin a fhoirne, iarbhaill foirne agus baill foirne reatha araon, de bharr a gcuid aidhmeanna soiléire, a gcuid díograise agus gairmiúlachta. Táimid buíoch freisin as an obair a dhéanann foireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla, a ghníomhaíonn de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde agus reachtaíocht á cur i bhfeidhm. Táimid buíoch chomh maith de na heolaithe a oibríonn mar chomhairleoirí ar ár gcoistí. Táimid fíorbhuíoch de na daoine seo go léir as an obair ar fad a dhéanann siad chun tacú le clár oibre an Údaráis maidir le sábháilteacht bhia.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Mary Harney, T.D., an tAire Sláinte agus Leanaí, agus le foireann a Roinne as a dtacaíocht leanúnach le linn 2009. Is mór agam freisin tacaíocht Chomhaltaí an Bhoird, a chuir go mór le forbairt ár struchtúir rialachais chorparáidigh lena gcinntítear go gcuirtear córais láidre agus éifeachtacha ar bun.

Ag féachaint siar ar dheich mbliana de shábháilteacht bhia, is féidir linn a fheiceáil go bhfuil an tÚdarás tar éis fáis agus is eagraíocht í a leanann uirthi ag oibriú i gcomhpháirtíocht chun sláinte agus leas tomhaltóirí a chosaint. Táim ag súil le tuilleadh feabhais a chur ar an bhfás seo agus leanúint le muinín tomhaltóirí i sábháilteacht bhia a choimeád.



# ag obair i gcomhar le chéile...
# **chun caighdeáin a ardú ó thús an tslabhra bia**

"Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil an bia a thagann ón bhfeirm sábháilte, d'fhonn fadhbanna féideartha maidir le sábháilteacht bhia níos faide ar aghaidh sa bhiashlabhra a laghdú."

**John J Cummins**
Cigire Uibheacha, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia









# Athbhreithniú Rialála

Is é an tÚdarás atá freagrach as forfheidhmiú a dhéanamh ar reachtaíocht na sábháilteachta bia in Éirinn, agus tugtar an bonn dlí dá leithéid san Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. De réir an dlí, níl an tÚdarás freagrach as an mbiashlabhra ar fad faoi láthair, mar níl sé i gceannas ar rialúcháin ar bheathú d'ainmhithe, ar shláinte ainmhithe nó plandaí, ar leas ainmhithe ná ar ghníomhaíocht feirme.

Ní rud statach í reachtaíocht bia. Ó am go chéile, is gá reachtaíocht atá ann cheana féin a leasú nó a athsholáthar chun comhairle eolaíoch nua, nó cleachtais nua i dtionscal an bhia a chur san áireamh. Bíonn an tÚdarás páirteach i reachtaíocht a fhorbairt agus cuireann sé comhairle ar an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le saincheisteanna eolaíochta agus teicniúla atá ina mbonn taca le cinntí i leith bainistíocht riosca agus beartas sábháilteachta bia. Chuige sin, lean an tÚdarás air ag glacadh páirte i ngrúpaí oibre éagsúla maidir le reachtaíocht bia de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, lena n-áirítear grúpaí a bhaineann le breiseáin; ábhair éillithe talmhaíochta; blaistithe; ábhair theagmhála bia; lipéadú bia; ábhair éillithe thionsclaíocha; éilimh maidir le cothú agus sláinte; agus truailleáin orgánacha dhianseasmhacha. Sna grúpaí oibre seo, déantar saincheisteanna teicniúla a bhaineann leis an reachtaíocht a phlé agus a chomhaontú, agus cuirtear dréachtaí faoi bhráid an Bhuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe, na Comhairle Eorpaí agus Pharlaimint na hEorpa.

Comhlíonann an tÚdarás a fhreagracht maidir le reachtaíocht bia a fhorfheidhmiú trí ghníomhaíochtaí oifigiúla forfheidhmiúcháin agus rialúcháin bhia a ligean ar conradh do na gníomhaireachtaí oifigiúla a oibríonn faoi chonradh seirbhíse don Údarás. Ba iad seo a leanas na gníomhaireachtaí oifigiúla a bhí ag obair faoin gcomhaontú conartha seo in 2009: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; 31 údarás áitiúil; an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; agus Foras na Mara. Is é ról an Údaráis gníomhartha na ngníomhaireachtaí oifigiúla a chomhordú d'fhonn an úsáid is éifeachtaí d'acmhainní stáit a bhaint amach. Cinntíonn sin go ndéantar leasanna tomhaltóirí agus sláinte tomhaltóirí a chosaint i gcónaí. Le linn na ndeich mbliana ó bunaíodh é, tá an tÚdarás ag díriú ar an gcóras náisiúnta rialúcháin bhia a fhorbairt agus a threisiú.

D'fhonn éifeachtacht agus oiriúnacht rialuithe oifigiúla a chinntiú maidir le reachtaíocht ábhartha, déanann an tÚdarás iniúchtaí ar a ghníomhaireachtaí oifigiúla. Le linn 2009, rinne an tÚdarás iniúchtaí rialúcháin suntasacha ar na heagraíochtaí seo a leanas - Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, Foras na Mara, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Sa bhreis air sin, tríd an Oifig Bia agus Tréidliachta, ní mór don Choimisiún Eorpach iniúchtaí a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go bhfuil na Ballstáit go léir ag cloí le rialúcháin áirithe. Cé nach ndearna an Oifig Bia agus Tréidliachta aon mhisean in Éirinn in 2009, rinne an tÚdarás trí iniúchadh chun críoch a chur le torthaí a fuarthas i ndiaidh misean in 2008, a bhain le táirgí iascaigh, bia de bhunús ainmhíoch, agus iarmhair a rialú.



Seoladh an pacáiste cuimsitheach acmhainní *Safe Catering – Your Guide to Making Food Safely* in 2009, le cabhrú le breis agus 31,000 gnó seirbhíse bia a riachtanas dlíthiúil a chomhlíonadh maidir le bia a bhainistiú go sábháilte. Forbraíodh an pacáiste go príomha le haghaidh gnóthaí lónadóireachta, ach baineann sé le miondíoltóirí a bhfuil feidhm lónadóireachta ina gcuid gnó acu chomh maith. Oireann sé go seoigh do ghnóthaí bia nach bhfuil a gcórais bhainistíochta sábháilteachta bia forbartha acu fós, ach chabhródh sé le gnóthaí ar mhian leo na córais reatha atá acu a fheabhsú freisin. Tá DVD, leabhar saothair agus leabhair thaifid sa phacáiste. Sa ghrianghraf ag seoladh an phacáiste, ó chlé: An Dr Lisa O'Connor, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an tUasal Sharon Williams, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

## Líon na mBall Foirne ag Obair le Rialú Oifigiúil

Rinneadh gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus rialúcháin bhia a ligean ar conradh do ghníomhaireachtaí oifigiúla, a oibríonn faoi chonradh seirbhíse don Údarás. Leis an socrú seo méadaítear na hacmhainní atá ar fáil chun maoirseacht a dhéanamh ar beagnach 49,000 gnó bia atá i mbun feidhme in Éirinn.

**Baill Foirne ag Obair le Rialú, 2009**

| Gníomhaireacht | Foireann (coibhéis lánaimseartha) |
|---|---|
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 84.2 |
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia[a] | 485.23 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: | |
| Saotharlanna Micribhitheolaíochta Bia | 82.51 |
| Saotharlanna an Anailísí Phoiblí | 66.8 |
| An tSeirbhís Sláinte Comhshaoil | Gan tuairisciú |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 46.25 |
| Údarás Áitiúil: | |
| Cigirí Tréidliachta[b] | 38.43 |
| Foireann Riaracháin | 36.81 |
| Foras na Mara | 27.69 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann | 0.1 |
| **Iomlán** | **868.02[c]** |

a: Ní áirítear 19 gcigire tréidliachta shealadacha (coibhéis lánaimseartha)
b: Ní áirítear 129 cigire tréidliachta shealadach
c: Ní áirítear an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil mar níor tuairiscíodh an líon don Údarás

## Cigireachtaí

Rinne na gníomhaireachtaí oifigiúla maoirseacht ar 48,965 ionad in Éirinn in 2009. Cuirtear gach gnó bia i gcatagóir riosca, ag brath ar na gníomhartha a dhéanann sé. Deimhnítear leis sin go dtugtar tús áite do ghnóthaí bia a théann i mbun gníomhartha lena mbaineann an baol is mó do shláinte an duine agus cigireachtaí á ndéanamh.

**Líon na nIonad a nDearnadh Maoirseacht Orthu, 2007-2009**

| Gníomhaireacht maoirseachta | Líon na n-ionad 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 42,210 | 43,926 | 45,303 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara [a] | 2,214 | 2,486 | 2,555 |
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | 637 | 627 | 650 |
| Údaráis Áitiúla | 442 | 410 | 457 |
| **Iomlán** | **45,503** | **47,449** | **48,965** |

a: Áirítear leis na figiúirí seo ionaid bhia, báid iascaireachta agus limistéir táirgthe




Bhí ionadaithe an Údaráis i láthair ag taispeántas CATEX 2009 san RDS i mBaile Átha Cliath. Taispeántas trádála na hearnála seirbhísí bia a bhí ann. Sa ghrianghraf, tá an tUasal Noeleen Murtagh, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann in éineacht le cuairteoirí chuig seastán faisnéise an Údaráis. Nuair a fhreastalaíonn ionadaithe an Údaráis ar thaispeántais an tionscail bhia, bíonn deis acu bualadh le daoine atá ag obair sa tionscal agus comhairle a thabhairt dóibh faoi na riachtanais rialúcháin a bhaineann le gnóthaí bia – rudaí mar gnó bia a thosú; lipéadú bia; oiliúint faoi shábháilteacht bhia; an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bhia; agus anailís ghuaise agus phointí rialúcháin criticiúla.

ag obair i gcomhar le chéile...
# chun caighdeáin sláinteachais bia a ardú

"Is é an ról atá againn ná an dlí maidir le bia a chur i bhfeidhm ó fheirm go forc agus cabhrú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide agraibhia an dlí a chomhlíonadh."

**Ted Massey**
Cigire Talmhaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia











Athbhreithniú Rialála


## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maoirseacht ar 45,303 ionad in 2009, agus rinne an Fheidhmeannacht 45,485 cigireacht. Taifeadadh sáruithe ar an reachtaíocht bia in 7,331 ionad, agus ba iad sláinteachas ginearálta agus measúnú riosca/anailís ghuaise agus phointí rialúcháin criticiúla a taifeadadh mar na cúiseanna ba mhó leis na sáruithe sin.

**Ionaid a ndearna Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maoirseacht orthu sa bhliain 2009**

| Catagóir gnó | Líon na n-ionad | Líon na n-ionad ar a ndearnadh cigireacht | Líon na gcigireachtaí | Líon na n-ionad ina raibh sáruithe |
|---|---|---|---|---|
| Táirgeoirí tosaigh | 30 | 23 | 45 | 4 |
| Déantúsóirí agus pacálaithe | 1,649 | 1,148 | 1,654 | 178 |
| Dáileoirí agus iompróirí | 1,246 | 693 | 892 | 94 |
| Miondíoltóirí | 10,533 | 6,732 | 10,622 | 1,572 |
| An earnáil seirbhísí | 31,055 | 19,561 | 31,206 | 5,290 |
| Déantúsóirí a dhíolann ar bhonn miondíola go príomhúil | 790 | 636 | 1,066 | 193 |
| **Iomlán** | **45,303** | **28,793** | **45,485** | **7,331** |

**An chúis leis na Sáruithe in Ionaid ar a ndearna Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maoirseacht in 2009**




| | |
|---|---|
| Oiliúint | 10% |
| Measúnú Riosca/HACCP | 32% |
| Sláinteachas Ginearálta | 49% |
| Éilliú ceimiceach/fisiceach | 1% |
| Lipéadú agus cur i láthair | 7% |
| Eile | 1% |

## An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Rinne an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia maoirseacht ar 650 ionad bia in 2009, lena n-áirítear ionaid phróiseála feola mórscála, ionaid phróiseála bainne agus ionaid táirgthe, phacála agus phróiseála uibheacha. Is iad cigirí tréidliachta agus cigirí talmhaíochta na Roinne a dhéanann na cigireachtaí. Déanann an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, atá ina ghníomhaireacht de chuid na Roinne, an reachtaíocht bia maidir le hionaid próiseála éisc a fhorfheidhmiú.

**Ionaid ar a ndearna an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia maoirseacht sa bhliain 2009 (650 in iomlán)**



| | |
|---|---|
| An Chigireacht Déiríochta | 35% |
| An Chigireacht Sláinte Poiblí Tréidliachta | 24% |
| An Chigireacht Uibheacha agus Circeola | 41% |

**Ionaid ar a ndearna an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia maoirseacht sa bhliain 2009**

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Ionaid phróiseála bainne ag a bhfuil cumas teoranta (m.sh. cáis feirme/uachtar reoite, iógart a tháirgeadh) | 90 |
| Ionaid phróiseála bainne | 52 |
| Ionaid stórála bainne lasmuigh den láithreán | 43 |
| Ceannaitheoirí bainne | 20 |
| Ionaid chóireála teasa bainne | 18 |
| Ionaid bhailithe bainne | 4 |
| Ionaid ina ndéantar bainne foirmle do naíonáin | 4 |
| Táirgeoirí uibheacha saor-raoin | 125 |
| Ionaid phacála uibheacha | 60 |
| Aonaid táirgthe uibheacha ó chearca fara | 5 |
| Ionaid táirgí uibhe | 1 |
| Táirgeoirí éanlaith chlóis saor-raoin | 64 |
| Ionaid táirgí feola | 55 |
| Ionaid mharaithe | 52 |
| Stóir fhuara | 27 |
| Ionaid ullmhaithe feola mionaithe agus feola | 16 |
| Próiseálaithe éanlaith chlóis/seamlais | 10 |
| Ionaid láimhseála géim fhiáin | 4 |
| **Iomlán** | **650** |

Rinne cigirí na Roinne breis agus 14,000 cuairt cigireachta in 2009: 10,114 cigireacht déanta ag na cigirí sláinte poiblí tréidliachta[1]; 3,461 cigireacht déanta ag na cigirí uibheacha agus éineola; agus 669 cigireacht déanta ag na cigirí déiríochta. Bíonn minicíocht na gcigireachtaí bunaithe ar riosca agus déantar an méid is mó cigireachtaí ar na háitribh ina bhfuil an riosca is mó (de bharr mhéid nó chineál na ngníomhaíochtaí próiseála bia, nó má bhí neamhchomhlíonadh i gceist iontu cheana féin). Má fhaightear go bhfuil neamhchomhlíonadh i gceist le linn cigireachta, féadfar roinnt gníomhartha a ghlacadh, ag brath ar thromchúis an neamhchomhlíonta. I gcás sáruithe ar reachtaíocht bia, féadfar fógraí dlí a sheirbheáil ina bhféadfaí iallach a chur ar ghnóthaí bia stop a chur lena gcuid gníomhaíochta, agus cuid dá n-áitreabh, nó é go léir, a dhúnadh, nó d'fhéadfadh ordú a bheith iontu bia a urghabháil nó a scriosadh, nó neamhchomhlíonadh a réiteach laistigh de thréimhse ama sonraithe. Déantar an chuid is mó de na fógraí dlí a sheirbheálann cigirí déiríochta agus cigirí sláinte poiblí tréidliachta na Roinne maidir le sáruithe ar reachtaíocht bia a sheirbheáil faoi na Rialacháin maidir le Bia agus Sláinteachas Beatha, 2009 (I.R. Uimh. 432 de 2009).

In 2009, rinneadh 151 fógra dlí a sheirbheáil ar ionaid fheola agus rinneadh 34 fógra dlí a sheirbheáil ar ionaid phróiseála bainne, de réir fhorálacha I.R. Uimh. 432 de 2009, de bharr neamhchomhlíonta a aithníodh le linn cigireachtaí nó mar chuid de thástáil oifigiúil. Fuair na cigirí uibheacha agus éineola 112 cás de neamhchomhlíonadh. Bhain na cásanna seo le margú agus lipéadú uibheacha agus éineola den chuid is mo. Seirbheáladh fógraí dlí inar ordaíodh go ndéanfaí uibheacha nó éineoil a urghabháil nó a tharraingt siar, agus eisíodh litreacha rabhaidh foirmiúla inar ordaíodh go ndéanfaí an neamhchomhlíonadh a réiteach. Rinne cigirí uibheacha agus éineola 3,461 cigireacht chun comhlíonadh na gcaighdeán margaíochta uibheacha agus éineola agus na reachtaíochta lipéadaithe a sheiceáil in ionaid áirithe, amhail bácúis, ospidéil/tithe altranais, miondíoltóirí agus mórdhíoltóirí/dáileoirí/iostaí uibheacha, atá cláraithe le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

1: Ní áirítear leo seo cigireachtaí a dhéantar i seamlais ina mbíonn cigire tréidliachta ag obair go buan

Athbhreithniú Rialála

**Ainmhithe a Mharú**

Mar chuid dá ról maoirseachta in ionaid mharaithe, déanann cigirí na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia seiceálacha ar na hainmhithe go léir sula maraítear iad agus ina dhiaidh. Maraíodh breis agus 81 milliún ainmhí in 2009.


**Ainmhithe Maraithe agus an Táirge Bainteach ar a ndearna an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia cigireacht in 2009**

| Speiceas | An líon a maraíodh | Táirge bainteach ar a ndearadh cigireacht (kg) |
|---|---|---|
| Éanlaith Chlóis | 74,851,001 | 39,963,565 |
| Caoirigh | 2,454,706 | 4,079,772 |
| Muca | 2,363,212 | 127,405,709 |
| Eallaí | 1,532,187 | 65,389,573 |
| Géim Fiáin | 57,294 | 127 |
| Capaill | 2,567 | Níl sé ar fáil |
| Géim saothraithe | 1,247 | 55 |
| **Iomlán** | **81,262,214** | **236,838,801**[a] |

a: Ní áirítear kg d'fheoil capaill ar a ndearnadh cigireacht

Tháinig méadú 1.3 milliún ar líon na n-ainmhithe a maraíodh in 2009 i gcomparáid le 2008, agus ba mhéadú 1.4 milliún ar líon na bliana 2007 é.

**Ainmhithe Maraithe in Ionaid ar a ndearna an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia maoirseacht sna blianta, 2005-2009**




* Ní áirítear géim fiáin ná géim saothraithe leis seo

**Ionaid Imscrúduithe Teorann**

Tá an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia freagrach as rialuithe ar bhia de bhunús ainmhíoch a allmhairítear, sa chás gurb í Éire an chéad phointe iontrála isteach san AE. Ní mór gach earra dá leithéid a allmhairítear a thabhairt isteach trí cheann den dá ionad imscrúdaithe teorann tiomnaithe atá faofa ag an AE le haghaidh bia: Calafort Bhaile Átha Cliath nó Aerfort na Sionainne. Rinne cigirí tréidliachta agus oifigigh chalafoirt ag na hionaid imscrúduithe teorann seo 1,189 coinsíneacht bia a sheiceáil in 2009: 71% feoil agus táirgí feola; 19% iasc agus táirgí éisc; 5% bainne agus táirgí bainne; agus 5% mil. Diúltaíodh sé cinn déag (1.3%) de na coinsíneachtaí seo: deich gcinn ar chúiseanna doiciméadachta, trí cinn ar chúiseanna aitheantais agus trí cinn ar chúiseanna fisiceacha.

**Bia Orgánach**

Is í an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-údarás inniúil le haghaidh feirmeoireacht orgánach in Éirinn, agus mar sin, tá sí freagrach as a áirithiú go ndéanann táirgeoirí agus próiseálaithe atá deimhnithe mar orgánach cloí le reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa maidir le bia orgánach. In 2009, bhí trí chomhlacht fhaofa cigireachta agus deimhniúcháin (Cumann Feirmeoirí agus Saothróirí Orgánacha na hÉireann, an tIontaobhas Orgánach Teo. agus an Institiúid um Éiceolaíocht Mhargaidh) ar conradh ag an Roinn chun comhlíonadh a chinntiú i measc táirgeoirí agus próiseálaithe araon. Déanann na comhlachtaí deimhniúcháin agus cigireachta gach oibreoir a sheiceáil uair sa bhliain ar a laghad, agus déantar an dara seiceáil ar 10% díobh. Rinneadh 1,466 seiceáil ar tháirgeoirí agus 344 seiceáil ar ghnóthaí próiseála in 2009. De thoradh na gcigireachtaí seo, taifeadadh 19 toradh mhíshásúla maidir le táirgeoirí agus sé cinn maidir le próiseálaithe. Ba é an toradh a bhí ar sin ná go ndearnadh naoi ngnó orgánacha a dhíchlárú go neamhdheonach. Déanann an Roinn seiceálacha comhlíontachta ar na trí chomhlacht deimhniúcháin, bunaithe ar mheasúnú riosca, ina roghnaítear 5% de na táirgeoirí agus 5% de na próiseálaithe le haghaidh seiceálacha, agus déanann sí cigireachtaí ar ionaid mhiondíola ina ndíoltar bia orgánach chomh maith. Rinne an Roinn os cionn 1,000 cigireacht a thaifeadadh in 2009, agus fuarthas go raibh 90% díobh sásúil.

**An tAonad Imscrúduithe Speisialta**

Tá Aonad Imscrúduithe Speisialta na Roinne freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe tromchúiseacha ar reachtaíocht, lena n-áirítear sáruithe a bhaineann le sábháilteacht bhia. Chomh maith leis an neamhchomhlíonadh a d'aithin na cigirí tréidliachta agus talmhaíochta agus ar ghlac siad gníomh ina leith, rinne an tAonad 24 sárú ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Leigheasanna Ainmhithe, 2007 a imscrúdú. Seirbheáladh toghairmeacha Cúirte Dúiche in 23 cás.


## Údaráis Áitiúla

Rinne cigirí tréidliachta a bhí ag obair in údaráis áitiúla ar fud na tíre maoirseacht ar 457 ionad (237 seamlas, 186 monarcha déantúsaíochta feola beaga, 27 monarcha éineola, 7 stór fhuara) agus ar 518 feithicil a bhain leis na hionaid seo in 2009.

Faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní mór d'ionaid ina ndéantar feoil nó táirgí feola a láimhseáil nó a phróiseáil a bheith faofa. Eisíonn Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, i gcomhar leis an Údarás, uimhreacha faofa leis na hionaid sin a chomhlíonann na riachtanais dhlíthiúla go léir. Ag deireadh 2009, bhí 403 ionad faofa agus is féidir liosta iomlán de na hionaid sin, mar aon lena n-uimhreacha faofa agus na gníomhaíochtaí a chleachtann siad, a fháil ar láithreán Gréasáin an Údaráis. Tá na húdaráis áitiúla freagrach freisin as seamlais bheaga éanlaith chlóis a oibríonn laistigh dá raon feidhme a chlárú agus as maoirseacht a dhéanamh orthu. Ó 1 Samhain 2009, tugadh reachtaíocht nua isteach inar cuireadh iallach ar gach feirmeoir éanlaith chlóis a mharaíonn éanlaith chlóis in Éirinn a bheidh mar bhia don duine clárú le hoifig tréidliachta a údaráis áitiúil. Cuireadh na riachtanais nua seo in iúl d'fheirmeoirí éanlaith chlóis le fógraí poiblí.


Mar chuid den phróiseas maoirseachta, déanann cigirí tréidliachta cigireachtaí sláinteachais ar na seamlais go léir, ar mhonarchana déantúsaíochta feola beaga agus ar fheithiclí bia. Rinneadh 12,562 cigireacht sláinteachais in 2009. Rinneadh an chuid is mó de na cigireachtaí ar sheamlais, arb ionann agus leath de na hionaid go léir atá faoi mhaoirseacht na n-údarás áitiúil. Tá cigireachtaí sláinteachais mar chuid den chóras d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann bia riachtanais an dlí maidir le bia. Mar thoradh ar chigireachtaí in 2009, seirbheáladh 12 fhógra neamhchomhlíonta faoi na rialacháin maidir le sábháilteacht bhia. I gcásanna áirithe, ba ghá an táirge bia a urghabháil, a bhaint ón ionad agus a choinneáil nó a scriosadh.

**Cigireachtaí Sláinteachais déanta ag Cigirí Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil in 2009**




Tá cigirí tréidliachta freagrach freisin as a áirithiú go bhfuil sláinte na n-ainmhithe i gcomhréir leis na riachtanais faoin dlí, a dtugtar isteach i seamlais iad ar a ndéanann údarás áitiúil maoirseacht. Thug cigirí tréidliachta 22,284 cuairt ar sheamlais in 2009 chun sláinte ainmhithe a sheiceáil sular maraíodh iad agus ina dhiaidh. Maraíodh 424,307 ainmhí ar an iomlán in ionaid a bhí faoi mhaoirseacht na n-údarás áitiúil in 2009. Is laghdú 9,500 é sin ar fhigiúr 2008. Is ionann caoirigh agus 70% de na hainmhithe go léir a mharaítear, agus is ionann eallaí agus 18% díobh. I measc na speiceas eile a mharaítear, bíonn fianna, capaill agus gabhair.

# ag obair i gcomhar le chéile…
# **chun cabhrú le gnóthaí an dlí faoi bhia a thuiscint**



"Tá daonra ilchineálach againn in Éirinn sa lá atá inniu ann, agus tá an méid sin le sonrú sna gnóthaí bianna eitneacha éagsúla atá inár mbailte agus inár gcathracha. Cuirtear faisnéis agus oiliúint ar fáil i réimse teangacha le cabhrú leis na gnóthaí bia sin an dlí a chomhlíonadh."

**Grace McAlister**
Oifigeach Sláinte Chomhshaoil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte











## Athbhreithniú Rialála

**Líon na nAinmhithe a Maraíodh i Seamlais faoi Mhaoirseacht na nÚdarás Áitiúil, 2005-2009**




**Dáileadh na nAinmhithe a Maraíodh i Seamlais faoi Mhaoirseacht na nÚdarás Áitiúil, 2005-2009**




### An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

Sa bhliain 2009, rinne oifigigh chosanta iascaigh mhara cigireachtaí ar 2,555 ionad bia, limistéar táirgthe agus bád iascaireachta a bhí faoi mhaoirseacht an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara. Mar thoradh ar na cigireachtaí, seirbheáladh ceithre fhorfheidhmiúchán faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus 12 fhógra comhlíontachta arna n-eisiúint faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bia agus Sláinteachas Beatha), 2009 (I.R. Uimh. 432 de 2009). Eisítear fógraí comhlíontachta nuair a fhaightear sáruithe ar dhlíthe maidir le bia agus nuair is gá gníomh a ghlacadh ina leith.

Fuair an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara 27 gearán i gcoinne gnóthaí bia in 2009: bhain 37% díobh le bia; bhain 22% díobh le gnó bia; bhí 19% ina ngearáin faoi nimhiú bia amhrasta; bhí 14% mar thoradh ar an gCóras Mear-rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe; bhain 4% díobh le pacáistiú; agus bhain 4% le fotháirgí ainmhithe.

### An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann


In Éirinn, tá faomhadh faighte ag trí ionad le huisce mianraí aiceanta a aithint agus a shaothrú. Déanann an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann maoirseacht ar na hionaid seo, lena n-áirítear comhlíonadh na reachtaíochta a sheiceáil agus samplaí a thógáil chun comhlíonadh na reachtaíochta a fhíorú. Rinneadh 14 chigireacht in 2009, agus taifeadadh 63 sárú ar an reachtaíocht uathu sin. Glacadh gníomh faoi R.I. Uimh. 225 de 2007. Tógadh naoi sampla le haghaidh anailís mhicribhitheolaíoch, agus fuarthas go raibh ceann amháin díobh míshásúil.

### Forfheidhmiúcháin

Is é an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, ceann de na píosaí reachtaíochta lena dtugtar cumhacht d'oifigigh údaraithe cigireacht a dhéanamh ar ghnóthaí bia maidir le reachtaíocht um shábháilteacht bhia a chomhlíonadh. Faoin Acht seo, féadfaidh oifigigh údaraithe, i gcúinsí cuí, aon cheann díobh seo a leanas a sheirbheáil – Fógra Feabhsúcháin (lena n-ordaítear gur gá obair feabhais a dhéanamh), Ordú Feabhsúcháin (eisithe ag an gcúirt dúiche toisc nár comhlíonadh Fógra Feabhsúcháin), Ordú Dúnta (lena ndúntar gnó), nó, go hannamh, Ordú Toirmisc (lena gcuirtear srianta nó cosc ar an mbia a úsáid). Seirbheáladh 327 forfheidhmiúchán ar ghnóthaí bia in 2009, nuair a fuarthas go raibh an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bhia á sárú acu. Is méadú 65 forfheidhmiúchán é sin ar fhigiúr 2008.


Ba iad Fógraí Feabhsúcháin a bhí sa chuid is mó (84%) de na forfheidhmiúcháin a seirbheáladh in 2009. Ba iad Orduithe Dúnta (10%), Orduithe Toirmisc (4%) agus Orduithe Feabhsúcháin (2%) a bhí sa chuid eile. Ó 2005 i leith, seirbheáladh 1,360 Fógra Feabhsúcháin, 159 Ordú Dúnta, 50 Ordú Toirmisc agus 30 Ordú Feabhsúcháin ar ghnóthaí bia faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. I gcás gach cineál forfheidhmiúcháin, seirbheáladh an chuid is mó díobh san earnáil seirbhísí, agus seirbheáladh mórán ar mhiondíoltóirí chomh maith.

**Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh, 2005-2009**




Déantar Orduithe Dúnta a sheirbheáil nuair atá baol láithreach tromchúiseach i gceist do shláinte an phobail, nó sa chás nach gcomhlíontar Ordú Feabhsúcháin. In 2009, ag leanúint ar threocht na mblianta roimhe, seirbheáladh an chuid is mó de na hOrduithe Dúnta (68%) san earnáil seirbhísí, go háirithe ar bhialanna nó cheaintíní, arbh ionann iad agus 41% de na gnóthaí go léir a fuair Orduithe Dúnta.

**Orduithe Dúnta a Seirbheáladh faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann in 2009**




Toisc go bhfuil an líon is mó gnóthaí bia san earnáil seirbhísí, ní haon ionadh é go bhfuarthas an céatadán is airde d'Orduithe Dúnta san earnáil seo. In 2009, sheol an tÚdarás an *Safe Catering Pack* nua mar acmhainn gan bhéarlagair atá furasta le húsáid chun cabhrú le gnóthaí bia san earnáil seo cloí leis an riachtanas reachtach córas bainistíochta sábháilteachta bia a chur i bhfeidhm bunaithe ar phrionsabail na hanailíse guaise agus pointí rialúcháin criticiúla (HACCP). Meastar freisin go mbeidh miondíoltóirí a bhfuil feidhm lónadóireachta acu laistigh dá ngnóthaí in ann an pacáiste a úsáid freisin. Toisc go bhfuil gach gnó bia uathúil, cuireann an pacáiste ar chumas gnóthaí bia córas bainistíochta sábháilteachta bia a chur i bhfeidhm atá curtha in oiriúint do na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl acu ina ngnóthaí bia sainiúla féin. Tagann DVD treorach leis chun míniú a thabhairt ar an gcaoi ar cheart an pacáiste a úsáid.

D'fhorbair an tÚdarás an pacáiste, ag obair i gcomhar le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia, oifigigh sláinte chomhshaoil agus ionadaithe na hearnála lónadóireachta. Ar bhonn fadtéarmach, meastar go laghdófaí an méid ama a chaitheann oifigigh sláinte chomhshaoil ag cabhrú le gnóthaí bia cloí leis an riachtanas dlíthiúil chun bia sábháilte a tháirgeadh má ghlactar leis an bpacáiste agus má chuirtear i bhfeidhm go rathúil é.





# ag obair i gcomhar le chéile…
# **le cinntiú go bhfuil bia slán**

"Is féidir linn na guaiseacha a d'fheadfadh a bheith sa bhiashlabhra a aithint trí bhia a thástáil agus is féidir linn bearta coiscthe a dhéanamh chun deireadh a chur leis na guaiseacha sin."

**Teresa O'Hara**
Anailísí Saotharlainne, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia










Athbhreithniú Rialála

## Ionchúisimh

Tá na hionchúisimh rathúla a cuireadh i gcrích ó 1 Eanáir 2009 le feiceáil ar láithreán Gréasáin an Údaráis anois. In 2009, cuireadh an tÚdarás ar an eolas faoi 13 ionchúiseamh rathúla faoi reachtaíocht an tsláinteachais bhia: sheirbheáil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 12 cheann díobh agus sheirbheáil an tÚdarás ceann amháin. Seirbheáladh seachtó seacht faoin gcéad de na hionchúisimh sin san earnáil seirbhísí, seirbheáladh 15% san earnáil mhiondíola agus seirbheáladh an 8% eile san earnáil déantúsaíochta/pacáistithe.

**Ionchúisimh de réir an Chineáil Ghnó in 2009 (13 in Iomlán)**



| | |
|---|---|
| Bialann/ceaintín | 46% |
| Grósaeir | 15% |
| Bialann Beir Leat | 15% |
| Próiseáil éisc | 8% |
| Óstán | 8% |
| Réamhscoil ina soláthraítear béilí | 8% |

I gcás amháin, thionscain an tÚdarás imeachtaí dlí i gcoinne oibreoir gnó bia i ndiaidh imscrúdaithe ar sháruithe ar an reachtaíocht bia a fuarthas le linn gnáthiniúchtaí ar lipéadú agus ar inrianaitheacht. I ndiaidh éisteacht pháirteach i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath, inar thug oifigigh údaraithe ón Údarás agus ón Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara fianaise, rinne an t-oibreoir gnó pléadáil chiontach maidir leis na seacht dtoghairm a gearradh ina leith. I measc na gcúiseamh a ndearnadh pléadáil chiontach ina leith bhí: dearbhú bréige ar an modh táirgthe i gcás bradáin, ina ndearnadh cur síos air mar 'gafa san fharraige' ach ba ó fheirm a tháinig siad i ndáiríre; dearbhú bréige ar an limistéir inar gabhadh bradán, tugtha mar EBT 27-N san Atlantach Thoir nuair a tháinig sé ón Iorua i ndáiríre; dearbhú bréige maidir le huimhir fhaofa áitribh Phortaingéalaigh ar phortán cócaráilte, nuair a próiseáladh an táirge in Éirinn i ndáiríre. Sa bhreis ar sin, ní raibh an t-oibreoir gnó bia in ann doiciméadúchán marcála, lipéadúcháin ná tráchtála a chur ar fáil i gcás roinnt táirgí le linn cigireachta, de réir mar is gá faoin dlí chun inrianaitheacht a áirithiú, agus mar sin theip air bunús nó modh táirgthe na mbia-ábhar sin a fhíordheimhniú.

Thóg an tÚdarás imeachtaí dlí i gcoinne oibreoir gnó bia inar líomhain an tÚdarás go ndearna sé táirge iascaigh a sholáthar nó a chur ar an margadh a raibh lipéadú mícheart nó míthreorach air. Líomhnaíodh i gcás an Údaráis gur thug an lipéadú le fios gurb é 'Bradán Fiáin Éireannach Deataithe Slisnithe' a bhí sa táirge, ach ba ó fheirm a tháinig sé i ndáiríre. Cé go raibh an breitheamh sásta gur cruthaíodh sa chás nár tháinig na héisc ón bhfarraige, dhíbh sé na cúisimh toisc nach raibh go leor fianaise ann gurb é dobharshaothrú a bhí i gceist leis an bhfeirmeoireacht a luadh.

Thacaigh oifigigh údaraithe an Údaráis leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara i gcás a thóg sé sa Chúirt Dúiche freisin. Rinne an t-oibreoir gnó bia a ionchúisíodh pléadálacha ciontacha i leith samplaí de na cúisimh seo a leanas: bia neamhshábháilte a chur ar an margadh; teipeadh bia neamhshábháilte a tharraingt siar agus a aisghairm ón margadh; bac a chur ar oifigigh údaraithe agus iad i mbun a ndualgas oifigiúil; uisce mí-oiriúnach a úsáid chun bia a tháirgeadh agus táirgí iascaigh a chur ar an margadh nár chomhlíon na caighdeáin sábháilteachta biotocsaine.

## Monatóireacht

Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht bhia i mbiashlabhra na hÉireann in 2009. Bailíodh samplaí gnáthaimh agus samplaí sprice agus rinneadh anailís orthu ag saotharlanna éagsúla ar fud na tíre, chun iad a sheiceáil le haghaidh éilliú féideartha ar bhia, chun comhlíonadh na reachtaíochta a fhíorú, nó chun an dá rud a dhéanamh.

### Foras na Mara

Soláthraíonn Foras na Mara, faoi chonradh seirbhíse don Údarás, comhairle eolaíoch mar chabhair lena chinntiú go gcomhlíonann táirgí bia mara Éireannacha, amhail éisc mhara agus sliogéisc, na ceanglais reachtacha. Mar shampla, tá stádas fómhair na limistéar táirgthe sliogéisc bunaithe ar thorthaí samplaí a thógtar faoin gClár Náisiúnta Monatóireachta Biotocsainí do Shliogiasc. Déantar samplaí sliogéisc, a fhaightear ó thairgeoirí agus ó oifigigh chosanta iascaigh mhara araon, a thástáil chun leibhéal na mbiotocsainí a dhearbhú de réir mar atá sainmhínithe faoin reachtaíocht. Sannfar stádas fómhair "oscailte", "dúnta ar feitheamh" nó "dúnta" ar limistéar táirgthe bunaithe ar thoradh na tástála ar shampla. Ní shanntar stádas "oscailte" ar limistéar táirgthe ach amháin má fhaightear go bhfuil leibhéil biotocsainí faoi bhun na teorann rialála in dhá shampla (a tógadh le 48 uair ar a laghad idir an dá shampla). Sanntar stádas de "dúnta ar feitheamh" sa chás go raibh an chéad


sampla sásúil, ach go bhfuiltear fós ag feitheamh ar thorthaí an dara sampla. Sa chás go bhfuil sampla os cionn na teorann rialála, dúnfar an t-ionad táirgthe, agus ní féidir é a oscailt arís go dtí go dtabharfar dhá shampla shásúla le go sannfaí stádas "oscailte" air arís.

Le cúig bliana anuas, rinne Foras na Mara anailís ar os cionn 10,000 sampla de shliogéisc mar chuid den chlár monatóireachta biotocsainí. Thar an tréimhse sin, sannadh stádas "oscailte" de thoradh 78/% de na samplaí, sannadh stádas "dúnta ar feitheamh" de thoradh 9% díobh agus sannadh stádas "dúnta" de thoradh 13% díobh.

**Líon na Samplaí a Tógadh don Chlár Náisiúnta Monatóireachta Biotocsainí do Shliogéisc, 2005-2009**

| Speiceas | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Scian mhara chuar | 4 | 6 | 6 | 6 | 3 |
| Diúilicíní | 1,583 | 1,637 | 1,387 | 1,239 | 988 |
| Breallaigh chroise | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Ruacain | 32 | 34 | 33 | 18 | 21 |
| Breallach leathchroise | 35 | 25 | 29 | 42 | 35 |
| Oisre dúchasach | 65 | 51 | 42 | 47 | 42 |
| Oisre an Aigéin Chiúin | 725 | 541 | 587 | 545 | 546 |
| Scian mhara | 83 | 73 | 46 | 51 | 62 |
| Breallach toinne | 45 | 38 | 29 | 27 | 31 |
| Breallach maighdeogach faithneach | 0 | 2 | 0 | 2 | 0 |
| Eile | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 |
| **Iomlán** | **2,572** | **2,408** | **2,159** | **1,977** | **1,734** |

**Samplaí a raibh Stádas Oscailte, Stádas Dúnta nó Stádas Dúnta ar Feitheamh acu, 2005-2009**




Chomh maith leis an gClár Náisiúnta Monatóireachta Biotocsainí do Shliogiasc, rinne Foras na Mara anailísí micribhitheolaíocha agus ceimiceacha ar os cionn 5,100 sampla d'iasc eite, de shliogéisc agus d'uisce.

**Anailísí Eile a Rinne Foras na Mara in 2009[1]**

| Cineál sampla | Cineál tástála | Líon na samplaí | Líon na dtástálacha | Líon na samplaí sásúla | Líon na samplaí míshásúla |
|---|---|---|---|---|---|
| Iasc eite | Ceimic: calafort (neamhghnáthaimh) | 10 | 40 | 9 | 1 |
| | Ceimic: calafort (gnáthamh) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Iarmhar (neamhghnáthaimh) | 9 | 26 | 8 | 1 |
| | Iarmhar (gnáthaimh) | 715 | 1,750 | 715 | 0 |
| Sliogéisc | Ceimic (neamhghnáthaimh) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Ceimic (gnáthaimh) | 492 | 2,035 | 492 | 0 |
| | Micribhitheolaíocht (neamhghnáthaimh) | 118 | 118 | 67 | 51 |
| | Micribhitheolaíocht (gnáthaimh)[a] | 1,611 | 1,611 | -- | -- |
| Uisce | Fíteaplanctón (neamhghnáthaimh) | 664 | 664 | 628 | 36 |
| | Fíteaplanctón (gnáthaimh) | 1,486 | 1,486 | 916 | 570 |
| **Iomlán** | | **5,105** | **7,730** | **2,835** | **659** |

1: Níl sonraí ar bhiotocsainí san áireamh leis seo
a: Níor cuireadh catagóirí na samplaí seo in iúl don Údarás

Athbhreithniú Rialála

## An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

Rinneadh 4,084 tástáil in iomlán ar shamplaí bia a bhailigh oifigigh chosanta iascaigh mhara le haghaidh anailíse le linn a gcigireachtaí.

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Le linn na gcigireachtaí, nó mar chuid de shuirbhé ar bhia ar leith, bailíonn oifigigh sláinte chomhshaoil samplaí agus déantar anailís orthu i gceann de na seacht saotharlann micribhitheolaíochta bia atá ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó i gceann de thrí shaotharlann an anailísí phoiblí. Bhailigh oifigigh sláinte chomhshaoil beagnach 18,000 sampla le haghaidh tástála in 2009.

**Samplaí Bia arna gCur Isteach le haghaidh Anailíse ag an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara in 2009**

| Cineál tástála | Líon na dtástálacha |
|---|---|
| Aicmiú na sliogiasc (micribhitheolaíocht) | 1,577 |
| Aicmiú na sliogiasc (víreolaíocht) | 39 |
| Éisc, táirgí iascaigh agus moilisc dhébhlaoscacha bheo (micribhitheolaíocht) | 682 |
| Uisce/oighear (micribhitheolaíocht) | 139 |
| Maipíní comhshaoil (micribhitheolaíocht) | 209 |
| Hiostaimíní | 390 |
| Suilfítí | 50 |
| Agmaitín | 8 |
| Arsanaic | 1 |
| Cadavairín | 308 |
| pH | 3 |
| Púitriscín | 308 |
| Séireatoinin | 8 |
| Iomlán na bun-nítrigine so-ghalaithe | 18 |
| Tiriaimín | 308 |
| **Iomlán** | **4,048** |

**Samplaí a Bhailigh Oifigigh Sláinte Chomhshaoil chun Tacú le Gníomhaíocht Cigireachta, Suirbhéanna Náisiúnta nó Pleananna Samplála Réigiúnacha in 2009**

| | Samplaí micribhitheolaíochta | | Samplaí ceimiceacha / fisiceacha | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Miondealú ar na sáruithe | | |
| Catagóir Bia an AE | Líon | Líon ina bhfuil mion-éilliú | Líon | Líon ina bhfuil sáruithe | Éilliú fisiceach / ceimiceach | Comhdhéanamh | Lipéadú agus cur i láthair |
| Táirgí déiríochta | 832 | 137 | 339 | 29 | 0 | 12 | 17 |
| Uibheacha agus táirgí uibhe | 305 | 66 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Feoil agus táirgí feola | 2,897 | 609 | 514 | 22 | 1 | 8 | 13 |
| Éisc, sliogéisc agus moilisc | 291 | 40 | 359 | 19 | 1 | 11 | 7 |
| Ábhair shailleacha agus olaí | 9 | 0 | 133 | 8 | 2 | 6 | 0 |
| Anraithí, bratanna agus anlainn | 349 | 22 | 220 | 6 | 0 | 4 | 2 |
| Arbhar agus táirgí báicéireachta | 339 | 51 | 669 | 34 | 1 | 10 | 23 |
| Torthaí agus glasraí | 395 | 28 | 558 | 16 | 0 | 14 | 2 |
| Luibheanna agus spíosraí | 57 | 0 | 332 | 7 | 0 | 1 | 6 |
| Deochanna neamh-mheisciúla | 388 | 55 | 505 | 26 | 2 | 13 | 11 |
| Fíon | 5 | 0 | 85 | 6 | 0 | 0 | 6 |
| Deochanna meisciúla | 17 | 0 | 149 | 2 | 0 | 2 | 0 |
| Ábhair reoite agus milseoga | 236 | 27 | 16 | 2 | 0 | 0 | 2 |
| Cócó agus ullmhóidí cócó, caife agus tae | 12 | 0 | 160 | 3 | 0 | 1 | 2 |
| Milseogra | 221 | 22 | 246 | 27 | 0 | 10 | 17 |
| Cnónna agus táirgí cnónna | 15 | 0 | 199 | 6 | 0 | 3 | 3 |
| Miasa ullmhaithe | 3,386 | 433 | 255 | 7 | 0 | 2 | 5 |
| Bia-ábhar atá beartaithe le haghaidh úsáidí cothaithe speisialta | 32 | 0 | 418 | 11 | 0 | 6 | 5 |
| Breiseáin | 0 | 0 | 8 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ábhair agus nithe a bheidh i dteagmháil le bia-ábhar | 32 | 3 | 13 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Eile | 2,418 | 137 | 483 | 16 | 3 | 10 | 3 |
| **Iomlán** | **12,236** | **1,630** | **5,664** | **247** | **10** | **113** | **124** |

Le linn 2009, rinne seacht saotharlann mhicribhitheolaíochta bhia Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anailís ar 14,262 sampla a cuireadh isteach mar chuid d'imscrúduithe gnáthaimh (65%) nó de thoradh gearán (5%) ar ionaid bhia a bhí faoi mhaoirseacht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; nó mar chuid den Chlár Faireachais Mhicribhitheolaíoch Náisiúnta (26%) nó mar chuid de chláir faireachais áitiúla (4%).

Ba bhia a bhí réidh le hithe a bhí in 68% de na samplaí, agus ba bhia nach raibh réidh le hithe a bhí in 32% díobh (nó bia nár léir go raibh sé réidh le hithe). Rinneadh na 9,922 sampla a bailíodh de thoradh sampláil ghnáthaimh agus gearán a chatagóiriú de réir chóid chatagóirí an AE. Amhail in 2008, bhain an chuid is mó de na samplaí de thoradh gearán (41%) agus na samplaí de thoradh sampláil ghnáthaimh (38%) leis an gcatagóir feoil agus táirgí feola, géim agus éanlaith chlóis.

**Samplaí Gnáthaimh agus Samplaí de Thoradh Gearán a cuireadh chuig Saotharlanna Micribhitheolaíochta Bia Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2009**

| | Céatadán de na samplaí | |
|---|---|---|
| Catagóir bia AE | Gnáthamh (iomlán=9,199) | Gearán (iomlán=723) |
| Táirgí déiríochta | 8.11 | 9.68 |
| Uibheacha agus táirgí uibhe | 4.57 | 3.32 |
| Feoil agus táirgí feola, géim agus éanlaith chlóis | 37.70 | 41.22 |
| Éisc, sliogéisc agus moilisc | 4.28 | 5.53 |
| Ábhair shailleacha agus olaí | 0.03 | 0.14 |
| Anraithí, bratanna agus anlainn | 4.13 | 8.85 |
| Gránaigh agus táirgí báicéireachta | 6.08 | 9.13 |
| Torthaí agus glasraí | 3.52 | 5.39 |
| Luibheanna agus spíosraí | 0.35 | 0.55 |
| Deochanna neamh-mheisciúla | 2.44 | 0.97 |
| Deochanna meisciúla (nach fíon iad) | 0 | 0.14 |
| Ábhair reoite agus milseoga | 1.86 | 1.66 |
| Cócó agus ullmhóidí cócó, caife agus tae | 0.01 | 0 |
| Milseogra | 0.29 | 0.28 |
| Cnónna agus táirgí cnónna, sneaiceanna | 0.08 | 0.55 |
| Miasa ullmhaithe | 25.89 | 10.37 |
| Bia-ábhar atá beartaithe le haghaidh úsáidí cothaithe speisialta | 0.02 | 1.66 |
| Eile | 0.64 | 0.55 |
| **Iomlán** | **100** | **100** |

Rinneadh 65,270 tástáil mhicribhitheolaíoch ar shamplaí gnáthaimh agus ar shamplaí de thoradh gearán. Rinneadh aicmiú ar thorthaí 40,765 tástáil de réir na gcritéar micribhitheolaíoch arna sonrú i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005, nó de réir Threoirnóta Uimh. 3 ón Údarás. Bhí nócha sé faoin gcéad sásúil, bhí 3% inghlactha, bhí 1% míshásúil, agus bhí 0.04% do-ghlactha/nó i mbaol a bheith guaiseach.

Déantar tástálacha ar bhia atá réidh le hithe chun *Enterobacteriaceae* agus iomlán an *E. coli* atá ann a aimsiú, d'fhonn aon fhadhbanna a bhíonn ann, m.sh. droch-chleachtas sláinteachais, drochrialú próiseála, nó pataiginí a léiriú. In 2009, fuarthas go raibh 8.5% de na samplaí gnáthaimh agus na samplaí de thoradh gearán míshásúil ó thaobh *Enterobacteriaceae* de agus go raibh 0.9% díobh míshásúil ó thaobh *E. coli* de. B'fheabhas beag é sin ar líon na bliana 2008, ina raibh 8.7% agus 1.2% de shamplaí míshásúil ó thaobh *Enterobacteriaceae* agus *E. coli*, de faoi seach.

Nuair a rinneadh tástálacha le haghaidh pataiginí, ba sa chatagóir doghlactha/i mbaol a bheith guaiseach a cuireadh 16 thoradh (0.04%). Tháinig na samplaí seo ó roinnt catagóirí bia éagsúla. Is iad sin: feoil agus táirgí feola (6); luibheanna agus spíosraí (4); torthaí agus glasraí (2); gránaigh agus táirgí báicéireachta (2); táirgí déiríochta (1) agus miasa ullmhaithe (1). Ba laghdú beag é sin ar líon na bliana 2008, ina raibh 26 toradh (0.07%) sa chatagóir do-ghlactha/i mbaol a bheith guaiseach.


ENVIRONMENTAL
HEALTH
MARUS
HAMBURG



# ag obair i gcomhar le chéile...
# **chun biashlabhra na hÉireann a chosaint**

"Ní mór do bhia a allmhairítear isteach in Éirinn reachtaíocht na hEorpa maidir le sláinteachas agus sábháilteacht bhia a chomhlíonadh. Oibrímid i gcomhar le hoifigigh chustaim le seiceáil go gcomhlíonann ábhair atá á n-allmhairiú ó thríú tíortha caighdeáin na hEorpa."

**Niamh McGrath**
Oifigeach Sinsearach Sláinte Chomhshaoil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte







## Athbhreithniú Rialála

**Aicmiú ar Thorthaí ó Thástálacha Gnáthaimh agus ó Thástálacha de Thoradh Gearán a ndearna Saotharlanna Micribhitheolaíochta Bia Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Anailís orthu in 2009**

| | | | Líon na dtorthaí a aicmíodh mar: | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tástáil | Táscaire nó paitigin | Líon na dtorthaí a aicmíodh | Sásúil[a] | Inghlactha[b] | Míshásúil[c] | Do-ghlactha / i mbaol a bheith guaiseach[d] |
| *Enterobacteriaceae* | Táscaire | 4,388 | 76.03 | 15.45 | 8.52 | N/B |
| *E. coli* (iomlán) | Táscaire | 6,391 | 97.98 | 1.11 | 0.91 | N/B |
| *Salmonella* (speicis) | Pataigin | 7,172 | 100 | N/B | N/B | 0 |
| *Campalabaictéar* (speicis) | Pataigin | 1,120 | 99.73 | N/B | N/B | 0.27 |
| *E. coli* O157 agus *E. coli* eile a tháirgeann véaratocsainí | Pataigin | 146 | 100 | N/B | N/B | 0 |
| *Listeria monocytogenes* | Pataigin | 4,438 | 99.95 | N/B | N/B | 0.05 |
| Stafalacocais téachtáis-deimhneach | Pataigin | 7,470 | 95.19 | 4.44 | 0.35 | 0.01 |
| *Clóistridiam perfringens* | Pataigin | 6,346 | 99.86 | 0.06 | 0.08 | 0 |
| *Bacillus cereus* agus speicis eile de *Bacillus* pataigineach | Pataigin | 3,294 | 98.39 | 0.94 | 0.36 | 0.30 |
| **Iomlán** | | **40,765** | **96.06** | **2.74** | **1.17** | **0.04** |

a: Ciallaíonn sé seo sásúil de réir na dteorainneacha a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 nó de réir na dteorainneacha sin a shonraítear i dTreoirnóta Uimh. 3
b: Ciallaíonn sé seo inghlactha de réir na dteorainneacha atá sonraithe i dTreoirnóta Uimh. 3
c: Ciallaíonn sé seo míshásúil de réir na dteorainneacha atá sonraithe i dTreoirnóta Uimh. 3
d: Ciallaíonn sé seo míshásúil de réir na dteorainneacha atá sonraithe i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 nó do-ghlactha/i mbaol a bheith guaiseach de réir na dteorainneacha atá sonraithe i dTreoirnóta Uimh. 3
N/B: neamhbhainteach

**Samplaí Bia dá ndearnadh Torthaí a Aicmiú mar Dho-ghlactha/I mBaol a bheith Guaiseach in 2009**

| Pataigin | Líon | Bia (líon) |
|---|---|---|
| *Bacillus cereus* agus speicis phataigineacha eile de *Bacillus* | 10 | Rís cócaráilte (2), púdar cillí (2), púdar cuimín (1), púdar tumeric (1), ruachán (1), biolar (1), píosaí sicín cócaráilte (1), agus rollóg earraigh atá réidh le hithe (1) |
| Speicis *Campalabaictéir* | 3 | Feoil ó cheathrú sicín atá réidh le hithe (1), filléad de bhrollach sicín amh (1), píosaí sicín cócaráilte (1) |
| *Listeria monocytogenes* | 2 | Mairteoil rósta (1) agus cáis phaistéartha (1) |
| Stafalacocais téachtáis-deimhneach | 1 | Stobhach Gaelach (1) |
| **Iomlán** | **16** | |

Rinne saotharlanna micribhitheolaíochta bia Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anailís ar 3,667 sampla a bailíodh le haghaidh dhá shuirbhé a rinneadh faoin gClár Faireachais Mhicribhitheolaíoch Náisiúnta 2009. Le haghaidh an chéad suirbhé, rinneadh 971 sampla de cheapairí réamhphacáilte a thástáil i gcomhair *Listeria monocytogenes* agus stafalacocais téachtáis-deimhneach. I gcás an dara suirbhé, rinneadh 2,696 maipíneacht ó na slisneoirí feola a úsáidtear chun feoil chócaráilte a ghearradh ina slisní a thástáil i gcomhair *Enterobacteriaceae*, áireamh ar choilíneachtaí aeróbacha, *L. monocytogenes* agus *E. coli* a tháirgeann véaratocsainí. Foilseofar torthaí an tsuirbhé in 2010.

Déanann trí shaotharlann an anailísí phoiblí de cuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anailís fhisiceach agus anailís cheimiceach ar shamplaí de bhia agus de nithe a bhaineann le bia a thagann isteach mar chuid d'imscrúduithe gnáthaimh, de shuirbhéanna cláraithe nó de thoradh gearán. Cuireann na saotharlanna seirbhís anailíse ar fáil do dhéantúsóirí bia freisin, má tá siad ag iarraidh deimhniú ceart díola lena gcuid táirgí a onnmhairiú taobh amuigh den AE. In 2009, cuireadh 9,689 sampla chuig saotharlanna an anailísí phoiblí, agus rinneadh 11,190 tástáil ar na samplaí sin.

**Samplaí a ndearnadh Anailís orthu i Saotharlanna an Anailísí Phoiblí in 2009**

| Cineál sampla | Líon |
|---|---|
| Samplaí gnáthaimh | 7,191 |
| Samplaí de thoradh gearán - díreach ón bpobal | 59 |
| Samplaí de thoradh gearán - ó oifigigh sláinte chomhshaoil | 438 |
| Samplaí leantacha | 134 |
| Samplaí tástála oilteachta/rialaithe cáilíochta | 544 |
| Samplaí a ndearnadh anailís orthu le haghaidh onnmhairithe | 448 |
| Samplaí a fuarthas le haghaidh anailíse faoi Chinntí Éigeandála an AE | 319 |
| Eile (m.sh. rialú allmhairiúcháin, samplaí príobháideacha) | 556 |
| **Iomlán** | **9,689** |

**Tástálacha a Rinne Saotharlanna an Anailísí Phoiblí in 2009**

| Anailís[a] | Líon na dtástálacha | Líon a bhí míshásúil (%) |
|---|---|---|
| Breiseáin | 1,642 | 84 (5.1) |
| Ailléirginí | 409 | 13 (3.2) |
| Barántúlacht | 37 | 0 (0) |
| Gearáin | 453 | 178 (39.3) |
| Comhdhéanamh / cáilíocht | 1,287 | 87 (6.8) |
| Deimhnithe onnmhairiúcháin | 486 | 2 (0.4) |
| Ábhair theagmhála bia | 101 | 7 (6.9) |
| Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe | 68 | 1 (1.5) |
| Ábhair éillithe neamhorgánacha | 1,870 | 18 (1.0) |
| Ionradaíocht | 290 | 4 (1.4) |
| Lipéadú | 734 | 127 (17.3) |
| Ábhair éillithe nádúrtha: miceatocsainí | 852 | 14 (1.6) |
| Ábhair éillithe nádúrtha: eile | 855 | 36 (4.2) |
| Ábhair éillithe nádúrtha: fíceatocsainí | 50 | 0 (0) |
| Ábhair chothaitheacha | 1,266 | 59 (4.7) |
| Ábhair éillithe comhshaoil orgánacha | 58 | 0 (0) |
| Ábhair éillithe ó phróisis | 337 | 4 (1.2) |
| Iarmhair | 89 | 0 (0) |
| Eile (m.sh. mealaimín) | 307 | 2 (0.7) |
| **Iomlán** | **11,191** | **636 (5.7)** |

a: Féadtar níos mó ná tástáil amháin a dhéanamh ar shampla

**Bia Ionradaithe**

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le bia ionradaithe. Mar thoradh ar na hanailísí a rinne saotharlanna an anailísí phoiblí in 2009, aithníodh go raibh ceithre cinn de na 294 bia a sampláladh ionradaithe, ach nach raibh lipéad cuí orthu. Ba iad a bhí sna samplaí seo ná: tae, blastanas Cajun, paiprice, agus tae luibhe fraocháin ghorma.

**Bianna a ndearnadh Tástáil orthu i gcomhair Ionradaíochta i Saotharlanna an Anailísí Phoiblí in 2009**

| Cineál bia | Líon na samplaí a tástáladh | Líon na samplaí a fuarthas go raibh siad ionradaithe (%) |
|---|---|---|
| Luibheanna/spíosraí | 217 | 1 (0.5) |
| Taenna luibhe/tae/caife | 23 | 2 (8.7) |
| Blastanais/stoic | 13 | 1 (7.7) |
| Vitimíní agus forlíonta | 12 | 0 |
| Bia-ábhar atá beartaithe le haghaidh úsáidí cothaithe speisialta | 7 | 0 |
| Síolta | 6 | 0 |
| Torthaí agus glasraí | 4 | 0 |
| Forlíonta luibhe | 3 | 0 |
| Eile | 5 | 0 |
| **Iomlán** | **290** | **4 (1.4)** |

## Údaráis Áitiúla

Chomh maith le cigireacht a dhéanamh ar ionaid agus ainmhithe, bhailigh cigirí tréidliachta ó na húdaráis áitiúla breis agus 2,500 sampla oifigiúil ó sheamlais agus ó mhonarchana beaga táirgthe feola. Bailíodh 740 sampla eile (42% buaibheach, 25% caoirigh, 22% muca, 4% gabhair agus 7% eile) faoin bplean náisiúnta iarmhar – plean monatóireachta a bunaíodh chun iarmhair neamhdhleathacha a aithint in ainmhithe agus i dtáirgí ainmhithe. Tá an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia freagrach as comhordú a dhéanamh ar an gclár monatóireachta seo.





# ag obair i gcomhar le chéile... **chun sábháilteacht bhia mara a chur chun cinn**

"Ós rud é gur oileán í Éire, tá acmhainn luachmhar aici ina hiascaigh mhara agus i ndobharshaothrú. Is é an jab atá againn ná a chinntiú go gcomhlíonann na héisc go léir a mbeirtear orthu, a tháirgtear, a mhargaítear agus a easpórtáiltear ón tír seo na caighdeáin sláinteachais agus sábháilteachta bia."

**Cormac Craven**
Oifigeach Cosanta Iascaigh Mhara, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara








Athbhreithniú Rialála

**Samplaí Oifigiúla a Tógadh ó Ionaid faoi Mhaoirsiú na nÚdarás Áitiúil in 2009 (Iomlán 2,579*)**




* Níl samplaí san áireamh a bailíodh faoin bPlean Náisiúnta Iarmhar

Faoi Rialachán (CE) Uimh. 2075/2005, ní mór sampláil a dhéanamh le haghaidh *Trichinella* mar chuid de chigireacht iarbháis ar gach muc agus capall clóis a mharaítear mar bhia don duine. Bhailigh an tÚdarás 10,247 sampla ó 33 seamlas faoi mhaoirsiú Sheirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil sa tréimhse ó Lúnasa 2007 go hEanáir 2009, chun iniúchadh a dhéanamh ar a mhinice is a bhí *Trichinella* le fáil i muca a maraíodh i seamlais a raibh tréchur íseal iontu. Ní bhfuarthas sampla ar bith de *Trichinella*. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag déanamh samplála agus anailíse le haghaidh *Trichinella* i seamlais faoi mhaoirsiú na n-údarás áitiúil ó críochnaíodh suirbhé an Údaráis. Rinneadh tástáil ar 47,881 sampla le haghaidh *Trichinella* in 2009 ach ní bhfuarthas aon chás di.

Tá saotharlann sábháilteachta bia tréidliachta ag Comhairle Contae Chorcaí a gcuirtear samplaí ó údaráis áitiúla eile chuici go rialta mar aon le samplaí a thógtar de thoradh iniúchtaí speisialta. Rinneadh anailís ar 2,200 sampla sa tsaotharlann in 2009. Déantar taighde freisin sa tsaotharlann ar *Champalabaictéar*, ar *E. coli* a tháirgeann véaratocsainí, ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair frithmhiocróbaigh, agus ar *Yersinia enterocolitica*.

## An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia


Is í an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia atá freagrach as cur i bhfeidhm na gclár náisiúnta chun maoirseacht a dhéanamh ar iarmhír lotnaidicídí, leigheasanna tréidliachta agus ábhair éillithe chomhshaoil.

Rinneadh anailís in 2009 ó thaobh leibhéal lotnaidicídí ar 1,324 sampla bia a táirgeadh in Éirinn nó a allmhairíodh. Lena chois sin tástáladh breis agus 200 samplaí gránach le fáil amach an raibh comhaicmigh PCB iontu mar chuid den obair leantach i ndiaidh ghéarchéime na dé-ocsaine in 2008. Fuarthas go raibh leibhéil lotnaidicídí in dá shampla dhéag (níos lú ná 1%) a sháraigh an leibhéal uasta ceadaithe atá leagtha síos i reachtaíocht na hEorpa. Tá an figiúr seo cosúil leis an bhfigiúr a taifeadadh in 2008. Samplaí de thorthaí nó de ghlasraí ab ea iad sin go léir.

I gcás go sáraíonn an sampla an uasteorainn iarmhair cheadaithe, déantar measúnú riosca maidir le hionghabháil chothaithe láithreach le fáil amach ar sáraíodh teorainn na hiontógála laethúla nó teorainn na géardháileoige tagartha. Déantar leibhéal an riosca a áireamh ar bhonn na sonraí tomhaltais le haghaidh daoine fásta agus leanaí araon. I ngach ceann den 12 chás inar sáraíodh an teorainn reachtúil, léirigh an measúnú riosca nach raibh aon bhaol neamh-inghlactha ann do thomhaltóirí in Éirinn. Is fiú a lua go mba sáruithe teicniúla a bhí i gceist i gcás 11 den 12 chás, áit ar socraíodh na teorainneacha uasta iarmhair ar leibhéal na teorann braite, agus ní gá gurb ábhar imní é sin ó thaobh na sábháilteachta bia de.

Sa chás go sáraítear an leibhéal uasta maidir le hiarmhar lotnaidicíde déantar an t-ábhar bia sin a thástáil arís i bplean samplála na bliana dar gcionn. Bhraithfeadh an bheart a dhéanfaí ar an gcás a bheadh i gceist agus d'fhéadfaí an bia a tharraingt siar ón margadh, d'fhéadfaí rabhadh a thabhairt tríd an gCóras Mear-rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe agus d'fhéadfaí ionchúiseamh a thionscain. Más rud é gur bia allmhairithe atá i gceist, cuirtear an dáileoir agus pointe teagmhála Codex Alimentarius na tíre sin ar an eolas faoin sárú.

**Samplaí Gnáthaimh Bia, de réir Tír Thionscnaimh, a nDearnadh Anailís orthu ó thaobh Lotnaidicídí in 2009.**




**Sonraí an 12 Shampla a sháraigh na Teorainneacha Reachtúla maidir le Lotnaidicídí in 2009**

| Bia | Bunús | Lotnaidicíd | Méid a braitheadh (mg/kg) | Teorainn (mg/kg) | Sárú Teorann by (m/kg) |
|---|---|---|---|---|---|
| Úll | Na Stáit Aontaithe | Feanprópáitrin | 0.025 | 0.01 | 0.015 |
| Aibreog | An Fhrainc | Clóirpireafos | 0.1 | 0.05 | 0.05 |
| Soilire | An Spáinn | Próimeitrin | 0.012 | 0.01 | 0.002 |
| Silín | Na Stáit Aontaithe | Carbairil | 0.066 | 0.05 | 0.016 |
| Mandairín | An Chipir | Tiaibeandasól | 5.47 | 5 | 0.47 |
| Mandairín | An Spáinn | Captan | 0.059 | 0.02 | 0.039 |
| Oráiste | An Bhrasaíl | Démheitiáit | 0.051 | 0.02 | 0.031 |
| Piorra | An Bhrasaíl | Démheitiáit | 0.051 | 0.02 | 0.031 |
| Prátaí | An Spáinn | Peancacúrón | 0.17 | 0.1 | 0.07 |
| Fíonchaora boird | an tSile | Foismeit | 0.051 | 0.05 | 0.001 |
| Turnapa | Éire | Clóirpireafos | 0.13 | 0.05 | 0.08 |
| Ionam | Na Stáit Aontaithe | Fludocsainil | 0.073 | 0.05 | 0.023 |

## Athbhreithniú Rialála

Sa bhliain 2009, rinneadh tástálacha ar 25,213 sampla bia de bhunús ainmhíoch faoin bPlean Náisiúnta Iarmhar agus fuarthas go raibh 0.3% díobh deimhneach. Léiríonn an méid sin an chaoi nach bhfuil ach leibhéil ísle iarmhair le sonrú i mbia na hÉireann le blianta beaga anuas. Faoi mar a tharla sna blianta atá thart, níor léiríodh aon fhianaise gur úsáideadh spreagthóirí neamhdhleathacha fáis.

Díríonn an plean iarmhair ar 18 gcineál d'iarmhair éagsúla ar féidir iad a rangú i gceithre mhórchatagóir: substaintí toirmiscthe (mar hormóin spreagtha fáis); leighis tréidliachta atá ceadaithe, breiseáin i mbeatha ainmhithe, agus ábhair éillithe chomhshaoil. Tógtar na samplaí go díreach ó ainmhithe, ó tháirgí ainmhithe ar fheirmeacha, ó mhonarchana próiseála tosaigh nó ó mhonarchana pacála. Tógadh formhór na samplaí (80%) ar bhonn critéir dhírithe chaighdeánacha, agus tógadh cuid eile toisc amhras a bheith ann maidir le hiarmhair neamhdhleathacha, mar shampla, nuair a bhí scrúduithe á ndéanamh agus na hainmhithe á marú. Nuair a fhaightear sampla nach gcomhlíonann na rialacha, déantar iniúchadh iomlán ar an bhfeirm agus déanann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia na bearta leantacha oiriúnacha ina dhiaidh sin.

**Bia Éireannach de Bhunús Ainmhíoch a Tástáladh faoin bPlean Náisiúnta Iarmhar sa bhliain 2009**

| Sampla | Líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu | Líon na samplaí neamh-chomhlíontacha (%) |
|---|---:|---:|
| Buaibheach | 11,897 | 24 (0.2)[a] |
| Eachaí | 218 | 0 |
| Uibheacha | 274 | 0 |
| Iasc feirme | 599 | 4 (0.7)[b] |
| Fianna feirme | 122 | 0 |
| Mil | 100 | 0 |
| Bainne | 1,303 | 14 (1.1)[c] |
| Caoirigh | 2,057 | 17 (0.8)[d] |
| Muca | 7,234 | 15 (0.2)[e] |
| Éanlaith chlóis | 1,328 | 10 (0.8)[f] |
| Fianna fiáine | 102 | 1 (1.0)[g] |
| **Iomlán** | **25,234** | **85 (0.3)** |

a: 9 n-antaibheathach, 11 tíreastat, 4 nítreafúrán
b: leocamalaicít ghlas
c: 12 fhrith-heilminteach agus 2 antaibheathach
d: 6 fhrith-heilminteach, 7 dtíreastat agus 4 nítreafúrán
e: 3 antaibheathach, 9 dtíreastat agus 3 dhéfheinil pholaclóirínithe
f: 9 bhfrithchocaideach agus 1 druga frith-athlastach neamhstéaróideach
g: luaidhe

Cuireann an Phríomhshaotharlann Rialaithe Feola de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia tacaíocht saotharlainne ar fáil d'fhoireann cigireachta sláinte poiblí tréidliachta na Roinne. Is é príomhaidhm na saotharlainne ná a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin sábháilteachta bhia maidir le feoil. I measc na n-anailísí a dhéantar sa tsaotharlann maidir le sábháilteacht bhia tá: tástálacha i gcomhair iarmhair leigheasanna tréidliachta, a dhéantar faoin bPlean Náisiúnta Iarmhar; tástálacha a dhéantar maidir le *Trichinella*; tástáil mhicribhitheolaíochta a dhéantar ar shamplaí feola agus uisce le féachaint an bhfuil pataigin nó orgánaigh tháscacha iontu; agus seiceáil a dhéantar ar leibhéal na mbreiseán bia amhail níotráití agus nítrítí. Tógadh 18,037 sampla in 2009 agus fuarthas go raibh 176 díobh (1.0%) míshásúil. Bhí na samplaí míshásúil de bharr neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán maidir le cáilíocht mhicribhitheolaíoch feola nó uisce, agus maidir leis na leibhéil cheadaithe níotráite nó nítríte. Sna cásanna sin ina ndearbhaítear nach gcomhlíontar na caighdeáin, déanann cigirí sláinte poiblí tréidliachta na Roinne bearta leantacha oiriúnacha san ionad feola ábhartha.

**Anailís Déanta ag an bPríomhshaotharlann Rialaithe Feola in 2009**

| | Líon na samplaí á tástáladh | Líon na samplaí míshásúla (%) |
|---|---:|---:|
| Anailís mhicribhitheolaíoch ar fheoil agus ar tháirgí feola | 1,613 | 75 (4.6) |
| Anailís mhicribhitheolaíoch ar uisce | 588 | 80 (13.6) |
| Iarmhair leigheasanna tréidliachta | 12,293 | 0 (0) |
| Níotráití/nítrítí | 202 | 21 (10.4) |
| *Trichinella* (muca) | 3,215 | 0 (0) |
| *Trichinella* (capaill) | 79 | 0 (0) |
| Glaine shaille | 47 | 0 (0) |
| **Iomlán** | **18,037** | **176 (1.0)** |

Tá trí shaotharlann eolaíocht déiríochta na Roinne freagrach as tástáil na samplaí a bhailíonn cigirí déiríochta ó ionaid phróiseála bainne. Is é cuspóir na tástála sin ná seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta bia, agus déantar an tástáil freisin maidir le deimhniú easpórtála agus scéimeanna tacaíochta margaidh. Déantar na samplaí a thástáil sna saotharlanna ó thaobh réimse paraiméadar micribhitheolaíoch agus ceimiceach. Tástáladh 8,156 sampla bainne agus táirgí bainne agus 227 sampla uisce sna trí shaotharlann eolaíocht déiríochta in 2009. Fuarthas go raibh 2% de na samplaí bainne agus táirgí bainne (172 sampla) agus 12% de na samplaí uisce (27 sampla) míshásúil. I measc na mbearta a rinneadh maidir le torthaí míshásúla, áirítear diúscairt táirgí nár chomhlíon na caighdeáin, fógra maidir le baol

sábháilteachta bia a thabhairt do na cigirí déiríochta chun tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh san ionad próiseála, agus fógra a eisiúint maidir le comhlíonadh táirgí.

**Suirbhé Trasghníomhaireachta ar Lipéadú Cothaithe agus ar Éilimh faoi Chothú agus Sláinte**

D'eagraigh an tÚdarás an chéad suirbhé trasghníomhaireachta maidir le lipéadú in 2009 agus ghlac cigirí agus foireann saotharlainne na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte páirt ann. Sa suirbhé seo, scrúdaíodh na lipéid a bhí ar 381 bia de bhunús ainmhíoch a raibh éilimh faoi chothú nó sláinte nó an dá rud orthu le féachaint ar chomhlíon siad an reachtaíocht i leith lipéadú cothaithe agus i leith éilimh faoi chothú agus sláinte. Foilseofar tuarascáil maidir leis an suirbhé in 2010.

**Bia Géinathraithe**

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le bia géinathraithe in Éirinn. Le cabhair ó Fhochoiste na nOrgánach Géinathraithe, rinne an tÚdarás athbhreithniú in 2009 ar mheasúnuithe sábháilteachta a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia ar dheich gcomhábhar bia ghéinathraithe. Déanann Saotharlann an Anailísí Phoiblí i gCorcaigh anailís ghnáthaimh ar na samplaí bia a bhailíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le seiceáil an bhfuil réimse comhábhar bia géinathraithe iontu. Maidir leis na 65 sampla a ndearnadh anailís orthu in 2009, bhí grán buí géinathraithe i sé cinn acu, bhí soighe géinathraithe i gcúig cinn agus bhí grán buí agus soighe géinathraithe i dtrí cinn acu. Bhí rís ghéinathraithe neamhúdaraithe i sampla amháin agus fuarthas go raibh leibhéil nár sonraíodh de shoighe géinathraithe i dtáirge déanta de phlúr ríse, agus a d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis maidir le daoine a bhfuil ailléirgí orthu le soighe.

**Nuabhia**

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil atá freagrach as nuabhianna nach raibh ar mhargadh an AE roimh 1997. Le cabhair ón bhFochoiste Cothaithe agus Nuabhianna, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar mheasúnuithe sábháilteachta ar dheich nuabhia in 2009, agus rinne sé measúnú sábháilteachta ar dhá chomhábhar nua. Ina theannta sin, thug an tÚdarás tuairim shubstaintiúil go raibh táirge nua comhionann le táirge eile a bhí ar mhargadh an AE cheana féin.

**Forbhianna, réimbhianna PARNUTS agus Bianna chun Críche Speisialta Míochaine**

Faoin reachtaíocht maidir le forbhianna, caithfidh oibreoirí gnó bia a chur in iúl don Údarás go bhfuil sé ar intinn acu forbhia a chur ar mhargadh na hÉireann den chéad uair. Sa bhliain 2009, tugadh fógra don Údarás faoi 908 forbhia. Cuireadh 61 díobh ar aghaidh chuig Bord Leigheasra na hÉireann, toisc gur measadh go mba tháirgí leighis iad. Thosaigh an tÚdarás ag forbairt foirm ar líne in 2009 a chuirfidh ar chumas gnóthaí bia fógra a thabhairt don Údarás faoi fhorbhianna. Cuirfear i bhfeidhm í in 2010.

Fuair an tÚdarás 21 fógra mar gheall ar réimbhianna PARNUTS ginearálta (bianna a úsáidtear ar chúiseanna cothaithe áirithe) agus 115 fógra mar gheall ar bhianna chun críche áirithe míochaine. Faoin nós imeachta fógartha, caithfidh oibreoir an ghnó bia foirm fhógra chomhlánaithe (atá ar fáil ó láithreán gréasáin an Údaráis), lipéad an táirge agus faisnéis bhreise ar bith eile a chur faoi bhráid an Údaráis i gcomhair measúnaithe. Déantar measúnú ansin ar cibé an bhfuil an bia ag comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha nó nach bhfuil.



# ag obair i gcomhar le chéile… **chun na caighdeáin is airde a bhaint amach**

"Easpórtálann Éire feoil de scoth an domhain. Caithfidh ár dtáirgí an caighdeán is airde maidir le sábháilteacht bhia a bhaint amach chun tomhaltóirí sa bhaile agus i gcéin a chosaint."

**Garrett Shine**
Cigire Tréidliachta, Comhairle Contae Lú









# Bainistiú Teagmhas


Is é an tÚdarás an lárphointe náisiúnta teagmhála i gcomhair faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le teagmhais agus rabhaidh bhia agus cuireann sé seirbhís éigeandála ar fáil de ló is d'oíche seacht lá na seachtaine. Is é an tÚdarás pointe teagmhála na hÉireann freisin don Chóras Mear-rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.

## Teagmhais Bhia

D'fhéadfadh teagmhais bhia a eascairt as fadhb a aithníonn gnó bia, gníomhaireacht oifigiúil agus í i mbun rialuithe oifigiúla, nó as faisnéis a fhaightear ó thíortha eile, de ghnáth tríd an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.

Rinne an tÚdarás bainistíocht ar 300 teagmhas bia in 2009, agus bhí an líon seo cosúil le líon na bliana 2008. Rinneadh na teagmhais a aicmiú mar seo a leanas: teagmhais iomlána, teagmhais bheaga agus ilchineálacha, fógraí ó lucht tionscail, agus teagmhais le tíortha eile. Rinne an tÚdarás imscrúdú ar 98 teagmhas iomlán in 2009, ocht gcinn níos mó ná mar a bhí ann in 2008. Faoi mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhain an chuid is mó de na teagmhais (36%) le guaiseacha ceimiceacha (miceatocsainí agus guaiseacha ceimiceacha eile), agus éilliú micribhitheolaíoch (29%).

**Aicmiú na dTeagmhas Iomlán Bia in 2009 (98 san iomlán)**



| | |
|---|---|
| Micribhitheolaíoch | 29% |
| Lipéadú agus pacáistiú | 2% |
| Earra coimhthíoch | 15% |
| Miceatocsainí | 4% |
| Ceimiceán eile | 32% |
| Orgánaigh ghéinmhodhnaithe (GMO) agus nuabhianna | 5% |
| Ailléirgin | 12% |
| Calaois | 1% |

Rinneadh imscrúdú ar 120 teagmhas beag agus ilchineálach in 2009; agus ba mhéadú beag iad sin ar an 115 a taifeadadh in 2008. Lena chois sin, rinne an tÚdarás bainistíocht ar 64 teagmhas bia le tíortha eile (bhain an chuid ba mhó acusan leis an Ríocht Aontaithe), agus fuarthas 15 fógra faoi theagmhais bhia ó thionscal an bhia.

## Rabhaidh Náisiúnta Bhia

Ní mór faisnéise faoi leith a thabhairt do ghníomhaireachtaí oifigiúla, do thionscal an bhia nó do thomhaltóirí i gcás roinnt teagmhais bhia. Eisítear rabhaidh de Chatagóir 1 (chun go ndéanfar beart) nuair a aithnítear go bhfuil baol ann do thomhaltóirí ar gá beart a dhéanamh faoi. Eisítear rabhaidh de Chatagóir 2 (i gcomhair faisnéise) nuair nach gá beart a dhéanamh ach go bhfuil faisnéis ag teastáil. Is minic a eisítear iad nuair a bhíonn na táirgí go léir aisghairthe ag an oibreoir gnó.




Bhí an tÚdarás, i gcomhar le GS1 Ireland, ina óstach ar sheimineár chun athbhreithniú a dhéanamh ar na córais inrianaitheachta feola reatha agus chun taispeántas a dhéanamh ar réitigh eiseamláireacha in Éirinn agus ó thar lear. Rinne cainteoirí as Éirinn, Ceanada, an Nua-Shéalainn agus an Danmhairg athbhreithniú ar bhealaí chun na córais inrianaitheachta feola reatha a fheabhsú. Is é an cuspóir atá leis ná feabhsú breise a dhéanamh ar na córais inrianaitheachta le haghaidh mairteola, circeola agus muiceola, sa chaoi go mbeifear in ann aisghairm táirgí níos spriocdhírithe a dhéanamh dá mbeadh teagmhas bia cosúil leis an ngéarchéim dé-ocsaine muiceola romhainn arís, dá mbeadh gá leis. Le feiceáil ag an seimineár tá (ó chlé): An tUasal Jim Bracken, GS1 Ireland agus an tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

D'eisigh an tÚdarás 21 rabhadh bia i gcaitheamh na bliana: ceithre rabhadh de Chatagóir 1 agus 17 rabhadh de Chatagóir 2. Bhain an ceithre rabhadh ar ghá beart a dhéanamh ina leith leo seo a leanas: aisghairm dhá fhorbhia toisc go raibh niméisiúilíd iontu (cógas is ea é sin a bhfuil toirmeasc curtha lena úsáid in Éirinn); aisghaireadh síolta seasamain faoi dhó toisc *Salmonella* a bheith iontu; agus rinneadh imscrúdú ar ráig salmanallóise de bharr *S.* Enteritidis PT14b. Foilsítear na rabhaidh go léir ar láithreán gréasáin an Údaráis agus seoltar fógra ríomhphoist chuig síntiúsóirí ar líne.

## An Córas Mear-rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe

D'eisigh an tÚdarás 1,791 fógra margaidh in 2009 tríd an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe. Córas fógartha is ea é sin faoi bhainistíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun faisnéis a mhalartú idir Bhallstáit faoi ghuaiseacha i mbia do dhaoine agus d'ainmhithe agus in ábhair a dhéanann teagmháil le bia. Bhain 27 de na fógraí margaidh a d'eisigh an tÚdarás le bia agus le hábhair a dhéanfadh teagmháil le bia a dáileadh ar Éirinn nó as Éirinn. Ba í Éire an tír thionscnaimh i gcás 11 fhógra margaidh a eisíodh tríd an gcóras in 2009.

## Ráigeanna Galar Bia-iompartha

Oibríonn an tÚdarás i ndlúth-chomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte nuair a mheastar go bhfuil ráig galair bhia-iompartha ann. Is é an Lárionad atá freagrach as anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar chásanna de ghalair ionfhabhtaíocha. Tá roinnt ráigeanna bia-iompartha iniúchta ag an Údarás ó bunaíodh é, lena n-áirítear *Salmonella* Typhimurium DT104 i liamhás cócaráilte, *S.* Typhimurium DT104b i bhfeolta cócaráilte, *S.* Agona i bhfeolta cócaráilte agus dhá ráig *E. coli* O157 a raibh baint acu le hóstáin.

Measadh go raibh baint ag trí chás de *S.* Typhimurium DT8 i Meán Fómhair le tomhailt uibheacha lachan, ach níor cruthaíodh go raibh aon nasc micribhitheolaíoch eatarthu nuair a scrúdaigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia na feirmeacha lachan. In ainneoin sin is uile bhí an patrún il-lócas uimhir inathraithe phéireach athfhillteach (MLVA) (2-10-NA-12-212) céanna le sonrú sna trí aonraíoch *Salmonella* a fuarthas ó dhaoine rud a thabharfadh le fios go raibh an fhoinse chéanna acu.

Rinneadh iniúchadh i Mí na Nollag ar dheich mbraisle salmanallóise ar fud na tíre arb é baictéarafagach de cineál 14b *Salmonella* Enteritidis a ba chúis leo. Bíodh is nár aithníodh aon bhia faoi leith sna hiniúchtaí, tharla ráig mhór *Salmonella* den chineál céanna sa Ríocht Aontaithe, agus measadh go raibh baint aici le huibheacha a fuarthas ó áitreabh táirgthe uibheacha sa Spáinn a raibh faomhadh faighte aige. Spreag sé sin an tÚdarás chun rabhaidh bhia a eisiúint inar iarradh ar oifigigh forfheidhmiúcháin agus gnóthaí bia seiceáil an raibh uibheacha ar an margadh a raibh cód na saoráide tairgthe sa Spáinn orthu agus le cur i gcuimhne do ghnóthaí bia uibheacha ardchaighdeáin a fháil agus dea-chleachtais sláinteachais a leanúint.

Léiríonn sonraí sealadacha gur seoladh tuairiscí chuig an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte faoi 21 ráig a measadh gur trí bhia a tarchuireadh iad. Ba iad seo a leanas na baictéir a bhí i gceist, *Salmonella* (7 ráig), *Campalabaictéar* (5), *E. coli* eintrea-fhuilreathach (5); *Shigella* (2); *Clóistrídiam perfringens* (1) agus noraivíreas (1). Tá feabhas tagtha ó 1999 ar na bealaí chun breoiteachtaí bia-iompartha a thuairisciú ós rud é gur tugadh isteach gléas ríomhairithe chun galar ionfhabhtaíoch a thuairisciú agus ó ritheadh reachtaíocht fheabhsaithe faoi ghalair ionfhabhtaíocha a thuairisciú.




I gcomórtas bliantúil an Údaráis don tionscadal is fearr maidir le sábháilteacht bhia i gcoláistí tríú leibhéal in 2009, bronnadh an duais ar an Uasal Tara Raftery, Coláiste na Tríonóide, BÁC agus Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Chaoimhín. Rinneadh scrúdú ina tionscadal; *'Dietary fat intake, physical activity and metabolic profile of an adult cohort attending a hypertension clinic'*, ar an nasc idir saill chothaithe agus brú fola siúil i gcohórt de dhaoine fásta hipirtheannasacha. Tá saill chothaithe tábhachtach maidir le rialú a dhéanamh ar bhrú fola agus ba é phríomhchuspóir an staidéir ná a dhearbhú cibé an ndéanfaí brú fola dhuine fásta hipirtheannasach a laghdú ar aiste bia ina bhfuil saill mhonai-neamhsháithithe nó nach ndéanfaí.

# Eolaíocht

Is ar thuiscint eolaíoch iontaofa agus ar mheasúnú rioscaí a dhéanann an tÚdarás a chinntí maidir le bainistiú rioscaí. Ní amháin go bhfuil ardleibhéal saineolais eolaíochta ag foireann an Údaráis ach is féidir leis leas a bhaint as saineolas 64 eolaí neamhspleách trína Choiste Eolaíoch agus a chúig Fhochoiste. Tá an Coiste Eolaíoch ar an saol le deich mbliana agus i rith an ama sin chuir an Coiste 19 dtuarascáil ar fáil faoi réimse ábhar lena n-áirítear bianna géinathraithe; pataigin bhia-iompartha; breiseáin; na himpleachtaí maidir le sábháilteacht bhia a bhaineann le leathadh dramhaíl thalmhaíochta agus cathrach agus dramhaíl orgánach thionsclaíoch ar thalamh a úsáidtear i gcomhair táirgeadh bia; nanaitheicneolaíocht; agus breiseáin vitimín D a thabhairt do leanaí.

## *Mycobacterium avium* fospeiceas paratuberculosis

D'fhoilsigh an Coiste Eolaíoch an dara tuairim uaidh faoi *Mycobacterium avium* fospeiceas *paratuberculosis (Map)* agus an baint a d'fhéadfadh a bheith aige le galar Crohn. Tá díospóireacht ar siúl faoi láthair faoin ról a d'fhéadfadh a bheith ag an mbaictéar sin le forbairt ghalar Crohn. Ba é conclúid thuarascáil an Choiste Eolaíoch faoi *Map* ná nach bhféadfaí nasc díreach a chruthú idir *Map* agus galar Crohn ó ba rud é nach raibh na sonraí a bhí ar fáil cinntitheach, ach go leanfadh an Coiste orthu ag athbhreithniú na ceiste. In 2009 d'fhoilsigh an Coiste torthaí an athbhreithnithe a rinne sé ar phríomhthorthaí taighde a foilsíodh idir 2000 agus 2008. Ba é breith an Choiste ná nach gcruthaíonn formhór na fianaise atá ar fáil go bhfuil baint dhíreach idir *Map* agus teagmhais ghalar Crohn.

## Uisce Buidéalaithe

D'eisigh an Coiste Eolaíoch tuarascáil in 2009 faoi ól uisce buidéalaithe a bhfuil baictéir áirithe nó grúpaí baictéar ann agus na himpleachtaí atá aige sin don tsláinte phoiblí. Féadfaidh baictéir a bheith in uisce buidéalaithe ó am go chéile ar leibhéil ísle tiúchana. Ní bhíonn dochar ar bith iontu de ghnáth agus maidir leis na tuairiscí sa litríocht idirnáisiúnta faoi ráigeanna breoiteachta a bhaineann le huisce buidéalaithe a bheith ar dhaoine, is beag tuairisc a dhéantar fúthu i gcomparáid le tuairiscí faoi ráigeanna a bhaineann le huisce ón sconna. Níor tuairiscíodh aon bhreoiteacht in Éirinn a raibh baint aici le huisce buidéalaithe. Rinne an tÚdarás staidéar ar shábháilteacht mhicribhitheolaíoch agus ar cháilíocht uisce buidéalaithe in 2007 agus tharraing siad anuas ceist faoin mbaol ó thaobh sábháilteachta bia a bhaineann le huisce buidéalaithe. D'iarr an tÚdarás ar an gCoiste Eolaíoch tuairim a thabhairt faoi na rioscaí a bhain le huisce buidéalaithe a bhí truaillithe le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: *E. coli*, eintreacocais, baictéir dhrólannacha, agus bachaillín an bhracha ghoirm (*Pseudomonas aeruginosa*).

Ba é tuairim an Choiste Eolaíoch ná go bhféadfaí glacadh leis i gcás uisce buidéalaithe a bhfuarthas go raibh *E. coli* nó eintreacocas ann gur truaillíodh le faecas é agus ar an ábhar sin gur baol don tsláinte phoiblí é. Ba chóir glacadh leis nach mbeadh a leithéid d'uisce oiriúnach le hól fiú mura bhféadfaí baictéir phataigineacha aitheanta a aimsiú ann. Sa chás nach mbraitear *E. coli* ná eintreacocais in uisce buidéalaithe ach go mbraitear baictéir dhrólannacha ann, ní cóir glacadh leis nach bhfuil sé sábháilte ach ba chóir iniúchadh cúramach a dhéanamh ar na fáthanna a d'fhéadfadh a bheith leis, agus ba chóir monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar an táirge agus ar fhoinse an uisce ag féachaint an bhfuil *E. coli* agus eintreacocais iontu. Tá an cás amhlaidh mar fiú má bhíonn




Is galair agus/nó ionfhabhtuithe iad zónóisí is féidir a tharchur go nádúrtha go díreach nó go neamhdhíreach idir ainmhithe agus daoine. De réir Threoir 2003/99/CE ón gComhairle Eorpach, ní mór do Bhallstáit bailiú, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar zónóisí, oibreáin zónóiseacha, frithsheasmhacht in aghaidh ábhair frithmhiocróbaigh agus ráigeanna bia-iompartha gach bliain don Choimisiún Eorpach. Ansin, déanann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia iad a phróiseáil agus iad a fhoilsiú mar thuarascáil achomair bliantúil don chomhphobal. In 2009, d'fhoilsigh an tÚdarás an *Tuarascáil ar Zónóisí in Éirinn le haghaidh 2006 agus 2007*. Seo an cúigiú tuarascáil Éireannach arna tiomsú ag an Údarás, an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus clúdaítear sonraí d'Éirinn ann a cuireadh isteach le haghaidh 2006 agus 2007.

baictéir dhrólannacha le fáil, ní tásc láidir é sin ann féin go bhféadfadh pataigin eintreacha a bheith ann freisin. Pataigin a thapaíonn deiseanna is ea *P. aeruginosa* a bhfuil baint aige le hionfhabhtuithe a thógann daoine in ospidéil nuair a bhíonn an-dochar déanta dá gcóras imdhíonachta. Ba é a bhain an Coiste Eolaíoch as a staidéar ná nár bhaol suntasach do shláinte an phobail i gcoitinne é dá mbeadh *P. aeruginosa* in uisce buidéalaithe, mura mbeadh *E. coli* agus eintreacocais ann freisin. Níor bhaol é *P. aeruginosa* a bheith in uisce buidéalaithe ach amháin i gcás othar in ospidéil a bhfuil an-dochar déanta dá gcóras imdhíonachta. Féadtar bearta a dhéanamh sna hospidéil chun an baol sin a laghdú nó a chosc.

## Bianna saor ó Ghlútan agus Bianna a bhfuil Glútan Laghdaithe iontu

In 2009, mhol an tÚdarás do ghnóthaí bia na hÉireann agus do dhaoine eile a bhfuil baint acu le lipéadú bianna saor ó ghlútan agus bianna a bhfuil glútan laghdaithe iontu go gcaithfear tús áite a thabhairt do cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún seachas do na moltaí maidir lipéadú a d'eisigh an tÚdarás ina thuarascáil faoi bhianna saor ó ghlútan in 2008. Éilíonn an Rialachán sin ar tugadh feidhm dó an 10 Feabhra 2009, i gcás bianna a ceapadh go sonrach, nó ar próiseáladh nó ar ullmhaíodh iad le freastal ar riachtanais daoine nach féidir leo glútan a ithe agus atá á margú mar bhia den sórt sin, gur gá iad a lipéadú mar 'saor ó ghlútan' (.i. go bhfuil níos lú glútain iontu ná 20 mg/kg) nó 'glútan an-íseal' (.i. go bhfuil an méid glútain iontu idir 20 mg agus 100 mg/kg). I gcás bia nach bhfuil comhábhair ann a fuarthas ó ghráin nó ó choirce a bhfuil glútan iontu, ceadaítear sa Rialachán go bhféadfar lipéid a chur orthu le tabhairt le fios nach bhfuil glútan iontu, ar choinníoll go bhfuil níos lú ná 20 mg/kg glútain iontu. I dTreoir 2000/13/CE maidir le lipéadú, áfach, éilítear nach gcuirfeadh a leithéid de ráiteas dul amú ar an tomhaltóir trína thabhairt le tuiscint go bhfuil tréithe faoi leith ag baint leis an mbia sin nuair a bhaineann na tréithe sin leis na bianna go léir den chineál sin. Bíodh is gur cuireadh an Rialachán i bhfeidhm i bhFeabhra 2009, tá tréimhse chairde ann go dtí an 1 Eanáir 2010 le go ndéanfaidh tionscal an bhia a gcuid táirgí a chur in oiriúint do na ceanglais lipéadaithe sin. Foilseoidh an tÚdarás nóta treorach in 2010 faoin reachtaíocht maidir le bianna saor ó ghlútan agus faoi thraséilliú a sheachaint nuair atá bianna saor ó ghlútan agus bianna a bhfuil glútan laghdaithe iontu á dtáirgeadh.

## Bia a Threisiú le hAigéad Fólach

Chuir an Grúpa Forfheidhmithe um Threisiú le hAigéad Fólach a thuarascáil scoir faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí i mí an Mhárta. Feidhmíonn an tÚdarás mar rúnaíocht don Ghrúpa Forfheidhmithe a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí an Choiste Náisiúnta um Threisiú le hAigéad Fólach agus chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm. Rinne an Grúpa monatóireacht fhorleathan ar stádas an daonra maidir le fóláit agus ar leibhéil an aigéid fhólaigh i mbianna ar mhargadh na hÉireann, agus mhol an Grúpa nach rachadh sé chun leasa na sláinte poiblí go dtosófaí ar bhianna a threisiú go héigeantach i láthair na huaire le haigéad fólach. Tugadh an chomhairle nua seo i ndiaidh measúnú eolaíoch agus roinnt tosca eile a thugann le fios nach bhfuil beartas éigeantach riachtanach. Áirítear ar na tosca sin an chaoi go bhfuil mná den aois ar féidir leo leanaí a shaolú ag fáil 30% níos mó fóláite ina gcuid bia anois i gcomparáid le trí bliana ó shin de bharr treisithe atá déanta ag tionscal an bhia; agus go bhfuil laghdú go 0.93 in aghaidh gach 1,000 breith tagtha ar mhinicíocht fabhtanna néarfheadán; agus mar fhocal scoir, go bhfuil sonraí neamhchinntitheacha tosaigh ann a thugann le fios go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag leibhéil ró-ard d'aigéad fólach.



Foilsíodh bileog faisnéise maidir le nanaitheicneolaíocht agus bia chun forbhreathnú achomair oibiachtúil a chur ar fáil le go mbeadh páirtithe leasmhara ar an eolas maidir le nanaitheicneolaíocht, agus faoin mbaint atá aige lenár mbia i dtéarmaí na húsáide féideartha is féidir a bhaint aisti, sábháilteachta agus rialacháin. Cé gur eolaíocht í an nanaitheicneolaíocht atá fós ag teacht chun cinn, tá sí in úsáid le tamall anuas chun earraí ar nós earraí áilleachta a tháirgeadh, agus táthar ag tuar go mbeidh tairbhí suntasacha ag baint léi maidir le galair áirithe an duine a fháthmheas agus a chóireáil. In ainneoin go bhfuil go leor tairbhí ag baint leis an nanaitheicneolaíocht, níl fiosrú iomlán déanta ar an idirghníomhú idir nanachaithníní agus daoine, ainmhithe agus an timpeallacht go fóill.





# ag obair i gcomhar le chéile...
# **chun tomhaltóirí a chosaint**

"Is iad na tomhaltóirí an nasc deiridh sa bhiashlabhra agus ní mór go mbeadh muinín acu go bhfuil an bia atá á ithe acu sábháilte le hithe. Tugaimid tús áite do thomhaltóirí agus muid i mbun ár gcuid oibre."

**Orla Scanlon**
Oifigeach Sláinte Chomhshaoil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte









Eolaíocht

## Bainne Ríse

Mhol an tÚdarás i mBealtaine, mar bheart réamhchúraim, nach dtabharfaí bainne ríse do naíonáin ná do leanaí óga suas go ceithre bliana go leith in áit bhainne cíche, bhainne foirmle nó bhainne bó. Moladh do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh nó lena ndiaitéiteach chun comhairle a fháil faoi dheoch oiriúnach eile. Bhí comhairle seo an Údaráis bunaithe ar thorthaí staidéir a rinneadh sa Ríocht Aontaithe inar tugadh le fios go raibh leibhéil ísle arsanaice neamhorgánaí le fáil i mbaine ríse. Ós rud é go n-ólann leanaí óga mórchuid bainne, d'fhéadfadh siad níos mo arsanaice a iontógáil, ó thaobh a meáchan coirp de, i gcomparáid le daoine fásta agus le leanaí níos sine.

## Cothú agus Sláinte

Tá cothú agus sláinte go hard ar chlár an Údaráis. Tá sé riachtanach a bheith ag ithe ar bhealach sláintiúil má tá galair ainsealacha mar ghalar croí, stróc, ailsí agus otracht le seachaint. Léiríodh i gcás daoine atá ar ioncaim níos ísle gur mó an seans go mbeidh ceann de na riochtaí sláinte sin orthu agus iad ar aois níos ísle, agus fuarthas lena chois sin go mbíonn biachlár de chaighdeán níos ísle de ghnáth ag teaghlaigh ar ioncaim níos ísle. Ar an ábhar sin rinne an tÚdarás measúnú in 2009 maidir lena inacmhainne is atá sé bia sláintiúil a ithe. D'aibhsigh an staidéar an dá phíomhbhac a bhí ar líonta tí ísealioncaim maidir le bia sláintiúil a ithe. Ar an gcéad dul síos tá sé i bhfad níos saoire na riachtanais calaraí laethúla a shásamh trí bhianna de na catagóirí saileanna, olaí agus sneaiceanna a ithe (bianna ar cheart iad a ithe go spárálach) ná bianna mar thorthaí, ghlasraí, fheoil thua agus iasc. Ar an dara dul síos, fuarthas amach gurb é bia ó shiopaí áise áitiúla an bia is daoire. Ós rud é go mbíonn líonta tí ísealioncaim ag brath ar iompar poiblí áfach, bíonn sé níos fusa dóibh leas a bhaint as na siopaí áitiúla ná taisteal chuig na hollmhargaí níos mó.

Lena chois sin rinne an tÚdarás suirbhé le fáil amach céard é méid na ngnáthchodanna aráin, gránach agus prátaí in Éirinn dar le tomhaltóirí. Is léir go bhfuil tionchar suntasach ag méid na gcodanna sin ar ionghabháil fuinnimh agus tá fianaise ann go bhfuil nasc idir codanna níos mó a ithe agus an méadú atá ag teacht ar otracht. De bharr thorthaí an tsuirbhé, moladh go méadófaí méid na gcodanna sna treoirlínte cothaithe maidir le harán, gránaigh agus prátaí agus go laghdófaí méid na gcodanna a mholtar sa chaoi go bhféadfadh tomhaltóirí adhmaid níos fearr a bhaint as chomhairle faoi ithe ar bhealach sláintiúil. Moladh do thionscal an bhia na codanna aonair a laghdú i gcás aráin, gránach agus prátaí, agus lipéadú soiléir a sholáthar faoin méid fuinnimh (calaraí) atá i ngach cuid díobh, chomh maith leis an méid atá i ngach 100g. Léirigh an suirbhé freisin gur gá oideachas a sholáthar do thomhaltóirí faoin méid éagsúil fuinnimh atá sna bianna stáirsiúla difriúla.

D'fhoilsigh an tÚdarás torthaí an tsuirbhé a rinne sé ar na leibhéil saile a bhí in 150 sampla de bhia a bhailíodh ó 12 bhialann mearbhia. Bíodh is gur thaispeáin na torthaí go raibh leibhéil na n-aigéad tras-sailleach íseal i gcuid de na samplaí, bhí leibhéil arda saille sáithithe i gcuid eile acu, agus ar an ábhar sin spreag an tÚdarás na gnóthaí bia chun ábhair eile a úsáid seachas aigéid thras-sailleacha agus saillte sáithithe agus leas a bhaint as próisis agus teicneolaíochtaí nua ar féidir leo cabhrú sa réimse seo.

## An Clár Laghdaithe Salainn

Lean an tÚdarás ar aghaidh de réir a thiomantais chun an méid salainn a ionghabhann Éireannaigh a laghdú ó 10g go 6g in aghaidh an lae roimh 2010, agus é sin a dhéanamh trí chomhpháirtíocht le tionscail an bhia agus le heagraíochtaí Stát a bhfuil sé de thasc acu an teachtaireacht faoi shalann agus shláinte a scaipeadh i measc tomhaltóirí. Meastar go bhfuil páirt ag ardleibhéil iontógála salainn le roinnt básanna ó strócanna agus ó ghalar cardashoithíoch arb iad ardbhrú fola agus



Seoladh doiciméad treorach maidir le hábhair éillithe ag seimineár le haghaidh oifigigh forfheidhmiúcháin agus gnóthaí bia. Is féidir raon leathan substaintí ceimiceacha nó ábhar éillithe a bheith le fáil i mbia de thimpiste, lena n-áirítear truailleáin orgánacha dhianseasmhacha (m.sh. dé-ocsainí, fúráin agus défheinilí polaclóirínithe); miotail (lena n-áirítear luaidhe, caidmiam agus mearcair); agus ábhair éillithe talmhaíochta cosúil le miceatocsainí agus ábhair éillithe thionsclaíocha. Tá faisnéis chothrom le dáta sa doiciméad treorach maidir leis an reachtaíocht a rialaíonn ábhair éillithe i mbia. Le feiceáil ag an seimineár tá (ó chlé): An Dr Simon Edwards, Coláiste Ollscoile Harper Adams, RA; an Dr Iona Pratt, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an Dr Claudia Heppner, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia; agus an Dr Rhodri Evans, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

hipirtheannas is cúis leo. Tá sé ráite ag 63 cuideachta bia agus cumann ceirde go nglacfaidh siad páirt i gclár deonach an Údaráis chun salann a laghdú. Bhí an-rath ar iarrachtaí sna príomhearnálacha chun na leibhéil salainn i mbianna próiseáilte a laghdú. Rinneadh laghdaithe os cionn 31% i gcás saileanna leata, 10% i gcás aráin agus 9% i bhfeolta agus i dtáirgí feola leasaithe próiseáilte agus rinneadh laghdú os cionn 7% i gcás na dtáirgí bia go léir.

Ó ba rud é gur éirigh chomh maith leis an gClár Laghdaithe Salainn d'oibrigh an tÚdarás i gcomhar le Food and Drink Industry Ireland agus Retail Ireland chun seimineár a óstáil i Meán Fómhair chun plé a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag an gclár go dtí seo, ar na deacrachtaí a bhí ann agus ar na fadhbanna a bheidh le réiteach ag an tionscal má tá sé chun an méid salainn a laghdú i mbianna próiseáilte agus ullmhaithe.

Tá an Food Standards Agency sa Ríocht Aontaithe tar éis glacadh le spriocanna athbhreithnithe maidir le laghdú salainn agus reáchtáil an tÚdarás tréimhse chomhairliúcháin oscailte maidir le moladh go nglacfaí leis na spriocanna sin i gcomhair Chlár Laghdaithe Salainn na hÉireann. Ba é toradh an chomhairliúcháin ná gur vótáladh 48% in aghaidh 44% diúltú don mholadh. Ba iad na príomhfháthanna gur diúltaíodh dó, dar le freagróirí, ná go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta go deonach cheana féin, gur éirigh leis na hiarrachtaí spriocanna sonracha a leagadh síos i gcomhair earnálacha difriúla, agus lena chois sin mheas a lán de na freagróirí nach bhféadfaí spriocanna na Ríochta Aontaithe a bhaint amach.

## Comhoibriú Eolaíoch leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia

Is é an tÚdarás ionadaí na Éireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia. Bíonn ionadaithe ag údaráis náisiúnta na 27 Ballstát ar an bhFóram Comhairleach agus is áit í inar féidir leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus na húdaráis náisiúnta comhoibriú le chéile agus inar féidir leis na húdaráis náisiúnta comhoibriú le chéile freisin. Tá sé ar chumas an Údaráis Eorpaigh agus na mBallstát comhoibriú le chéile i dteannta le tacaíocht an Fhóraim chun aghaidh a thabhairt ar mheasúnú riosca ar bhonn Eorpach agus déileáil le saincheisteanna maidir le cumarsáid a dhéanamh faoi rioscaí. Tugann Comhaltaí an Fhóraim Chomhairligh chomhairle don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia faoi ábhair eolaíochta, faoina chlár oibre agus a thosaíochtaí agus faoi aghaidh a thabhairt a luaithe agus is féidir ar cheisteanna a bhaineann le rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Ghlac baill foirne an Údaráis páirt i ngrúpaí oibre, ar fhóraim agus ar phainéil éagsúla de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia i rith 2009, agus bhí ionchur acu i réimsí tábhachtacha mar modhanna tiomsaithe sonraí a chomhchuibhiú faoi zónóisí, faoi ábhair éillithe bia, agus faoi thomhailt agus aicmiú bia. Beidh tiomsú sonraí faoi theagmhais cheimiceacha agus forbairt bunachar cruinn sonraí faoi thomhailt bia mar bhunsraith faoi na measúnaithe rioscaí a dhéanfar ar fud an AE.

Réimse eile inar chomhoibrigh an tÚdarás leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia i rith 2009 ab ea an chaoi ar fheidhmigh sé mar chathaoirleach ar ghrúpa oibre um fhorbairt a lámhleabhair phleanála ghéarchéime. Tugann sé sin treoir maidir leis na socruithe praiticiúla atá riachtanach le cinntiú go mbeidh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia in ann freagra a thabhairt nuair a bheidh comhairle maidir le sábháilteacht bhia agus bheatha ag teastáil go práinneach. Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chomhoibriú Eolaíoch de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia in 2009 faoi anailís a dhéanamh ar na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le bia a threisiú le haigéad fólach agus bhí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ina chathaoirleach ar an ngrúpa oibre sin.




D'fhoilsigh Coiste Eolaíoch an Údaráis tuairim eolaíoch nua faoi *Mycobacterium avium* fospeiceas *paratuberculosis* agus an bhaint a d'fhéadfadh a bheith aige le galar Crohn. Is cineál galair ainsealaigh athlastaigh putóige é galar Crohn. Fágann sé balla na putóige athlasta agus níos tiubha i ndaoine. Baineann na géinte atá i gceist in othair a bhfuil galar Crohn orthu go foriomlán le sláine na mbac múcóis agus glanadh miocróbach agus/nó hoiméastáis. Bunaithe ar athbhreithniú ar thaighde agus thuairimí le heagraíochtaí sláinte idirnáisiúnta agus náisiúnta eile, ba é conclúid an Choiste Eolaíoch tar éis gach rud a thógáil san áireamh ná nár thacaigh an fhaisnéis a bhí ar fáil go raibh *Mycobacterium avium* fospeiceas *paratuberculosis* ina chúis le galar Crohn a bheith ann.

# Cumarsáid


Feidhm thábhachtach de chuid an Údaráis is ea faisnéis a sholáthar do na páirtithe leasmhara go léir faoi shábháilteacht bhia. Bíonn sé níos fusa ardchaighdeáin sábháilteachta bia a fhorbairt in Éirinn má scaiptear faisnéis chruinn faoi shábháilteacht bhia chuig príomhearnálacha an bhiashlabhra.

## Seirbhísí Faisnéise

Tá ról lárnach ag Líne Chomhairle an Údaráis, ag an láithreán gréasáin, ag an eislíon agus ag an Ionad Faisnéise ó thaobh an mhalartaithe faisnéise seo a éascú, agus an fhaisnéis is déanaí a sholáthar faoi réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bhia.

Tá breis agus 90,000 fiosrúchán freagartha ag Líne Chomhairle an Údaráis ó bunaíodh é deich mbliana ó shin. Fuarthas an líon ba mhó fiosrúcháin in 2008. Bhain a lán de na fiosrúcháin go díreach le truailliú dé-ocsaine ar mhuiceoil na hÉireann agus cuireadh breis agus 3,000 ceist ar an Líne Chomhairle faoin scéal sin in aon lá amháin. Bhí méadú ar an méid glaonna a cuireadh ar an Líne Chomhairle in 2000 toisc gur aisghaireadh liamhás cócaráilte (rinne breis agus 420 tomhaltóir teagmháil linn thar thréimhse dhá lá agus comhairle á lorg acu), agus arís in 2005 nuair a fuarthas thart faoi 400 glaoch nuair a aisghaireadh táirgí éagsúla bia toisc an dathán neamhdhleathach Sudan Dearg a bheith iontu.

**Fiosrúcháin ar an Líne Chomhairle, 1999-2009**





Fuarthas 9,444 fiosrúchán san iomlán in 2009, rud ab ionann agus 787 fiosrúchán ar an meán in aghaidh na míosa. Chuaigh formhór (71%) na ndaoine a bhí ar lorg comhairle i dteagmháil leis an Líne Chomhairle ar an teileafóin agus ba le ríomhphost a chuaigh an dara ghrúpa ba mhó (25%) i dteagmháil léi. Bhain an líon fiosrúchán ba mhó le hiarratais ar chóipeanna d'fhoilseacháin an Údaráis; gearáin faoi bhia; faisnéis maidir le tosú gnó; agus lipéadú bia. Tharla méadú mór 50% in 2009 i gcomparáid le figiúr na bliana 2008 ar na hiarratais maidir le gnó nua bia a thosú agus ba chlaonadh é sin a d'fhás de réir mar a chuaigh an eacnamaíocht i léig. B'fhéidir go raibh ar a lán daoine gairm nua a roghnú dóibh féin.



Ag cruinniú oscailte na bliana 2009 den Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia pléadh an seasamh i bhfabhar agus i gcoinne na tairbhí a bhaineann le forbhianna. Rinneadh trácht ar shonraí faoi fhorbairtí nua sa reachtaíocht Eorpach a rialaíonn forbhianna agus treisiú bia. Léiríodh an réasúnaíocht taobh thiar de rialacháin bheartaithe an AE chun sláinte tomhaltóirí a chosaint maidir le forbhianna ag an gcruinniú, agus tugadh léargas ar na fáthanna go nglacann tomhaltóirí forbhianna agus a dtuiscint ar na leasanna a cheapann siad a bheith ag baint leo ó thaobh na sláinte de. Le feiceáil ag an gcruinniú oscailte tá (ó chlé): An tUasal Veronica Campbell, an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia; an Dr Robert Verkerk, an Chomhghuaillíocht um Shláinte Nádúrtha (RA); an Dr Alan Ruth, Cumann Cheird Sláinte na hÉireann; agus an Dr Mary Flynn, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

**An Cineál Fiosrúcháin a Rinneadh ar an Líne Chomhairle sa bhliain 2009**



| | |
|---|---|
| Iarratais ar fhoilseachán | 29% |
| Gearáin | 22% |
| Tosú gnó | 12% |
| Lipéadú | 8% |
| Caighdeáin | 5% |
| Cothú | 4% |
| Oiliúint | 4% |
| Reachtaíocht | 3% |
| Cleachtas intíre | 3% |
| Gníomh ÚSBÉ | 3% |
| Allmhairí | 2% |
| Eile | 5% |

Ba iad daoine a bhí ag obair i dtionscal an bhia a rinne formhór na bhfiosrúchán (44%) agus iad ag iarraidh cóipeanna d’fhoilseacháin an Údaráis nó comhairle faoi lipéadú nó oiliúint den chuid is mó. Ba iad tomhaltóirí an dara grúpa ba mhinice a rinne fiosrúchán (27%) agus rinne siad teagmháil leis an Líne Chomhairle chun gearáin a dhéanamh faoi bhia nó faoi ionaid bhia. Ba iad na rudaí a bhí ag cur as dóibh ná droch-chaighdeáin sláinteachais; bia nárbh fhéidir a ithe; amhras faoi nimhiú bia; nó lipéadú.

Rinne a lán tomhaltóirí teagmháil leis an Líne Chomhairle chun gearáin a dhéanamh faoi lipéadú ar tháirgí bia nó ceisteanna a chur faoi lipéadú. D’fhoilsigh an tÚdarás *A Research Study into Consumers Attitudes to Food Labelling* i mí na Nollag. Rinneadh suirbhé ar 1,000 tomhaltóir ar fud na tíre, agus bíodh is gur chreid triúr as ceathrar acu go bhfuil faisnéis le fáil ar lipéid bhia, dúirt 27% acu gurb annamh a léann siad na lipéid chéanna. Fuarthas amach freisin gurb é an phríomhchúis a léann na tomhaltóirí lipéid ná chun faisnéis chothaithe agus chalrach a fháil faoin táirge. Cuireann gnéithe áirithe den lipéadú mearbhall ar thomhaltóirí. Ina measc siúd tá na téarmaí eolaíocha a thugtar ar chomhábhair nó ar ábhair chothaithe agus an leas a bhaintear as tomhais neamhchaighdeánacha i gcomhair faisnéis chothaithe. Dúirt breis agus leath de na tomhaltóirí go mbeadh sé níos fusa táirgí bia a roghnú dá mbeadh an fhaisnéis níos fusa le tuiscint agus dá gcuirfí le méid an téacs.

Cuireadh dealramh nua ar an láithreán gréasáin in 2009 chun ceiliúradh a dhéanamh ar dheich mbliana an Údaráis. Rinneadh athstruchtúrú iomlán ar an láithreán agus chuireadh dealramh nuashonraithe agus leagan amach níos fusa air chun go mbeadh an fhaisnéis níos inrochtana do chách. Tugadh 343,096 cuairt ar an láithreán in 2009 agus ba chuairteoirí nua 148,617 acu san agus breathnaíodh ar 1,190,091 leathanach. Ba é an leathanach baile ba mhinice ar breathnaíodh air agus ba iad na hacmhainní agus na foilseacháin, agus an chuid faoin reachtaíocht agus gnóthaí bia na codanna eile ba mhó a raibh tóir orthu. Thug daoine ó 210 tír cuairt ar an láithreán. Éireannaigh ab ea 68% díobh sin agus ba dhaoine ón Ríocht Aontaithe, ó SAM, ón bhFrainc, ó Cheanada, ón nGearmáin agus ón Ostair na dreamanna ba mhó ina ndiaidh siúd.

Is féidir le foireann an Údaráis agus leis na gníomhaireachtaí oifigiúla an eislíon *Safety Net* a rochtain. Tugadh 15,796 cuairt air in 2009, rud ab ionann agus 1,316 cuairt in aghaidh na míosa, agus ba mhéadú 5% é sin ar líon na gcuairteanna a tugadh air in 2008.




Ag leanúint ó shuirbhé de na léitheoirí, rinneadh athdhearadh ar *fsainews* in 2009. Scaiptear an nuachtlitir dhémhíosúil ar liosta dáileacháin de thart ar 4,000 duine agus faigheann 2,500 síntiúsóir breise leagan ar líne le ríomhphost, tríd an tseirbhís síntiúis ar láithreán Gréasáin an Údaráis.



# ag obair i gcomhar le chéile…
# **ar leibhéal áitiúil**

"Tá borradh ag teacht ar an líon daoine ar maith leo a gcuid bia a cheannach go díreach ón bhfeirmeoir agus ó tháirgeoirí ar scála beag ag margaí bia áitiúla. Tugaimid comhairle maidir le tosú gnó, riachtanais oiliúna, anailís ghuaise agus phointí rialúcháin criticiúla, lipéadú agus inrianaitheacht do na ceardaithe bia seo."

**Ruth Conefrey**
Bainisteoir Iniúchtaí, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann








Food Safety

Cumarsáid

## Foilseacháin

Tá foilseacháin nua na bliana 2009 go léir le fáil ar an láithreán gréasáin agus áirítear leo an *Safe Catering Pack*; bileoga faoi nanaitheicneolaíocht agus faoi bhia, faoi chlónáil ainmhithe mar ábhar bia; bileoga eolais faoi thocsaineolaíocht; tuarascáil faoi *Mycobacterium avium* fospeiceas *paratuberculosis* agus an nasc a d'fhéadfadh a bheith aige le galar Crohn; tuarascáil faoi zónóisí in Éirinn; tuarascáil faoi uisce buidéalaithe; agus doiciméad treorach faoin reachtaíocht maidir le hábhair éillithe cheimiceacha. Lena chois sin foilsíodh sé eagrán den nuachtlitir, *fsainews*, a ndearnadh athdhearadh uirthi.

## Caidreamh leis na Meáin

Sa bhliain 2009, sholáthair an tÚdarás 32 preaseisiúint do na meáin chumarsáide d'fhonn faisnéis faoi ábhair shábháilteachta bia a chraobhscaoileadh i measc thionscail an bhia. Déileáladh le 265 fiosrúchán i rith na bliana ó lucht na meán faoi réimse leathan ceisteanna a bhain le sábháilteacht bhia agus le cothú.

## Oiliúint

Bealach tábhachtach chun teachtaireachtaí faoi shábháilteacht bhia a thabhairt do dhaoine í oiliúint agus chuir an tÚdarás oiliúint ar fáil in 2009 d'fhoirne gníomhaireachtaí oifigiúla agus do dhaoine atá ag obair i dtionscal an bhia. Ós rud é go bhfuil tionscal bia na hÉireann ag athrú i gcónaí chuir an tÚdarás dhá chlár nua oiliúna ar fáil in 2009. Bhí ceann amháin acu dírithe ar bhaill foirne atá ag obair in ngnóthaí bia Afracaigh agus bhí an ceann eile dírithe ar oifigigh sláinte chomhshaoil atá freagrach as cigireacht a dhéanamh ar na gnóthaí sin. Cuireadh an oiliúint in oiriúint do na cineálacha bia agus do na cleachtais a bhaineann le gnóthaí bia Afracaigh. Tá an tÚdarás ag cur catalóg de tháirgí bia eitneacha le chéile ina mbeidh grianghraif, ainmneacha na dtáirgí, an úsáid a bhaintear astu de ghnáth, a seilfré agus aon riosca ó thaobh sábháilteacht bhia a bhaineann leo.

Leanadh ar aghaidh in 2009 leis na cláir oiliúna *Food Safety and You* agus *Food Safety Training for Management in the Chinese Food Sector*. Tá an dá chlár sin dírithe ar bhainisteoirí agus ar oiliúnóirí atá ag obair i dtionscal an bhia.

Chuir an tÚdarás ceardlanna faoi chritéir mhicribhitheolaíochta ar fáil i gcomhair cigirí tréidliachta na n-údarás áitiúil, a raibh seisiún praiticiúil i seamlas mar chuid de, agus díríodh ar theicnící mapaireachta agus samplála. Cuireadh oiliúint idirghníomhach ar fáil i gcomhair oifigigh chosanta iascaigh agus foireann Bhord Iascaigh Mhara maidir le tionchar reachtaíocht nua an AE. Lena chois sin cuireadh oiliúint speisialaithe faoi lipéadú ar fáil i gcomhair breis agus 300 oifigeach forfheidhmiúcháin. Ba é cuspóir na hoiliúna ná na hoifigigh forfheidhmiúcháin a ghlac páirt i gclár lipéadaithe na bliana 2009 a ullmhú chuige. Ba é a bhí i gceist sa chlár ná measúnú a dhéanamh ar na héilimh faoi chothú agus sláinte agus ar an bhfaisnéis chothaithe atá ar lipéid bhia de bhunús ainmhíoch atá ar díol in Éirinn.

Tá ionadaithe ag an Údarás ar Shainghrúpa an AE um Oiliúint níos Fearr agus Bia níos Sábháilte agus déanann sé comhordú ar rannpháirteachas fhoireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla sna cláir oiliúna a reáchtálann an Coimisiún.

## Seimineáir

Reáchtáil an tÚdarás roinnt seimineár faoi shábháilteacht bhia i gcaitheamh na bliana agus ba é an ceann ba mhó díobh an chomhdháil a reáchtáladh i nDeireadh Fómhair mar cheiliúradh ar dheich mbliana na heagraíochta. Ba é *The Evolution of Food Safety from 1999 to 2009* an teideal a bhí air agus labhair saineolaithe ó Éirinn agus ó




Tá an tÚdarás ag obair le tionscal an bhia ón mbliain 2003 i leith le laghduithe inbhuanaithe, uilíocha a bhaint amach de réir a chéile sa mhéid salainn atá i mbianna próiseáilte agus ullmhaithe. Is é an sprioc fadtéarmach don Chlár Laghdaithe Salainn ná an méid salainn a ionghabhann Éireannaigh ar an meán a laghdú ó 10g in aghaidh an lae go 6g in aghaidh an lae roimh 2012, agus é sin a dhéanamh trí chomhpháirtíocht le tionscail an bhia agus le heagraíochtaí Stát a bhfuil sé de chúram orthu an teachtaireacht faoi shalann agus sláinte a scaipeadh i measc tomhaltóirí. Is é an tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann atá sa phictiúr.

thar lear faoi chúrsaí sábháilteachta bia le deich mbliana anuas agus faoi na hathruithe a bhí ag teacht ar gach gné a bhain le sábháilteacht bhia. Chuir an chomhdháil deis ar fáil chun na príomhdhúshláin atá amach romhainn a scrúdú agus labhairt faoi rudaí a tharla ar féidir leo léargas a thabhairt faoi fheabhsú na mbeartas agus na gcleachtas a bhaineann le sábháilteacht bhia. Ba í an tAire Sláinte agus Leanaí Mary Harney, T.D., a d'oscail an chomhdháil agus cuireadh clabhsúr ar an ócáid le *The Great Food Safety Debate*; díospóireacht bhríomhar ab ea í sin inar thug grúpa saineolaithe a dtuairimí ó thaobh tomhaltóirí, tionscail agus cúrsaí rialacháin de. Bhí deis ag an lucht éisteachta vótáil faoi na topaicí a bhí á bplé agus mheas 80% díobh go bhfuil bia níos sábháilte anois ná mar a bhí sé deich mbliana ó shin.

Reáchtáladh seimineáir i gcaitheamh na bliana faoi shalann; faoi inrianaitheacht feola; agus faoi ábhair éillithe i mbia. D'oibrigh an tÚdarás i gcomhair le Food and Drink Industry Ireland agus le Retail Ireland chun seimineár a óstáil i Meán Fómhair chun plé a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach go dtí seo maidir le Clár Laghdaithe Salainn an Údaráis, agus ar na fadhbanna agus na saincheisteanna atá tagtha chun cinn. Is é aidhm an chláir ná an méid salainn a ionghabhann Éireannaigh ar an meán a laghdú ó 10g go 6g in aghaidh an lae roimh 2012, agus é sin a dhéanamh trí chomhpháirtíocht le tionscail an bhia agus le heagraíochtaí Stáit a bhfuil sé de thasc acu an teachtaireacht faoi shalann agus sláinte a scaipeadh i measc tomhaltóirí.

Bhí breis agus 80 ionadaí i láthair ag seimineár i Meán Fómhair faoi ábhair éillithe i mbia nuair a seoladh doiciméad treorach an Údaráis *Legislation on Chemical Contaminants*. Tá faisnéis chothrom le dáta sa doiciméad faoin reachtaíocht a rialaíonn ábhair éillithe – amhail truailleáin orgánacha dhianseasmhacha, miotail agus ábhair éillithe thalmhaíocha agus thionsclaíocha – inár mbia. Lena chois sin d'oibrigh an tÚdarás i gcomhair le GS1 Ireland chun seimineár a óstáil chun plé a dhéanamh ar inrianaitheacht feola. Bhí breis agus 100 ionadaí ó na tionscail phróiseála, dáilte agus mhiondíola bia i láthair.

## Fóraim an Tionscail

Feidhmíonn an tÚdarás roinnt scéimeanna trína dtéann sé i ngleic go héifeachtach le tionscal an bhia – dea-chleachtais maidir le sábháilteacht bhia agus cur chuige coiteann maidir le bia a tháirgeadh go sábháilte a chur chun cinn, agus an gá atá ann an reachtaíocht bhia a chomhlíonadh a chur in iúl. Leanann na ceithre fhóram tionscail arna gcruthú ag an Údarás orthu ag feidhmiú mar ardán d'earnálacha sonracha tionscail chun rochtain a fháil ar an Údarás agus chun ceisteanna maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia a chur ar aghaidh.

### Fóram na dTáirgeoirí Bia Cearda

Cuireann Fóram na dTáirgeoirí Bia Cearda deiseanna ar fáil le díriú ar cheisteanna sábháilteachta bia a bhaineann le táirgeoirí bia cearda. Bhí dhá chruinniú ann in 2009 ina raibh deiseanna eile ag baill foirne ghníomhaireachtaí oifigiúla an Údaráis labhairt le ceardaithe faoin obair fhorfheidhmithe a bhíonn ar siúl acu in earnáil na gceardaithe. Bhí deis ag an dá thaobh labhairt le chéile agus teacht ar chomhthuiscint faoi shaincheisteanna na hearnála. Tugadh cuireadh don Food Standards Agency sa Ríocht Aontaithe teacht agus insint faoin obair a dhéanann siad maidir le rialacháin a chur i bhfeidhm i gcomhair sealgairí géim fhiáin. Tá oiliúint agus rialacháin chomhchosúla á gcur i bhfeidhm in Éirinn mar chuid den chlár sláinteachais. Rinneadh plé freisin ar obair na dteicneolaithe bia cearda i dTeagasc agus chuir na baill aiseolas luachmhar ar fáil chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an tseirbhís thábhachtach a chuir na teicneolaithe ar fáil in 2009.



Chuaigh an tÚdarás i mbun oibre le hoifigigh sláinte chomhshaoil a bhfuil baint acu le cigireacht a dhéanamh ar áitribh bhia eitneacha chun clár oiliúna a dhearadh, a fhorbairt agus a chur ar fáil le haghaidh gnóthaí bia Afracaigh. Is é aidhm an chláir ná an t-eolas riachtanach faoi shábháilteacht bhia a chur ar fáil do bhaill foirne atá ag obair i ngnóthaí bia Afracaigh le dlíthe bia na hÉireann a chomhlíonadh. Cuireadh an clár in oiriúint do na cineálacha bia agus do na cleachtais a bhaineann le gnóthaí bia Afracaigh. Is clár oiliúna idirghníomhach atá ann le gur féidir cleachtais sábháilteachta bia a phlé agus a léiriú. Sa phictiúr tá rannpháirtithe a d'fhreastail ar cheann de na cláir oiliúna.

Cumarsáid

Ar deireadh, chuir an Fóram deis ar fáil don Údarás plé a dhéanamh ar na rialacha maidir le bia a tháirgeadh ar scála beag, go háirithe sna réimsí a bhaineann le díolachán uibheacha, táirgeadh éanlaith chlóis ar scála beag agus táirgeadh feola ar scála beag.

**An Fóram Miondíola**

Díríonn an Fóram Miondíola ar an earnáil mhiondíola bia, ag déanamh óstála ar bhaill ó na príomh-ollmhargaí agus ó na príomhghrúpaí siombaile. Tháinig an grúpa seo le chéile trí huaire in 2009 agus chuaigh ionadaithe ó Lidl Ireland agus Gala Retail Services isteach ann freisin. Bhain ceann de na ceisteanna móra a pléadh in 2009 le filléid brollaigh sicín. Díoltar ina n-aonar iad ach déantar iad a sheachadadh i mbulc-phacáistí le hatmaisféar mionathraithe. Tar éis an t-ábhar a phlé, ba shoiléir nach raibh cleachtas na miondíoltóirí oiriúnach chun milleadh micribhitheolaíoch a chosc. Thar na trí chruinniú, bhí na miondíoltóirí in ann athruithe ar a gcuid cleachtais a thuairisciú agus an tseilfré a laghdú le cinntiú go mbeadh na táirgí seo oiriúnach le hithe. Rinne an Fóram tionchar ghéarchéim dé-ocsaine muiceola na hÉireann ar mhiondíoltóirí a phlé freisin. Thángthas ar chomhaontú maidir le tuarascáil faoin taithí a bhí ag daoine ina bhfuil moltaí le haghaidh feabhsuithe sa chumarsáid amach anseo i rith géarchéimeanna. Tá an tuarascáil seo ar fáil ar rannán an Fhóraim Mhiondíola ar láithreán Gréasáin an Údaráis. Ina theannta sin, thug an Fóram deis d’Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann dul i mbun rannpháirtíochta le miondíoltóirí maidir le lipéadú faoin tír thionscnaimh. Leag siad síos dúshlán do na miondíoltóirí táirgí Éireannacha a thaispeáint ar bhealach nach gcuireann an custaiméir amú. Thug na miondíoltóirí freagra láidir d’Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, ag déanamh soiléirithe ar cheisteanna a bhaineann leis an áit a gcuirtear táirgí agus lipéadú ar an tseilf. Ar deireadh, bhí an tÚdarás in ann plé a dhéanamh ar na torthaí ó staidéar ar *Champalabaictéar* ar an taobh amuigh de phacáistiú éanlaith chlóis agus leagadh síos dúshlán do na miondíoltóirí glacadh le pacáistiú sceithdhíonach le haghaidh sicíní iomlána, chun an baol ó thraséilliú a laghdú.

**An Fóram Seirbhíse Bia**

Tháinig an Fóram Seirbhíse Bia le chéile faoi dhó in 2009, tar éis a athbhreithnithe in 2009. Ghlac Subway Ireland agus O’Briens Sandwiches páirt san Fhóram agus chuaigh an tUasal Henry O’Neill, a bhí ina bhall de Chumann na mBialann in Éirinn le fada an lá, ar scoir agus ghlac an tUasal Adrian Cummins a áit. Pléadh roghanna sláintiúla bia san Fhóram – chuir an tÚdarás a chuid oibre maidir leis an méid tras-saille i mearbhia i láthair, agus chuir Cónaidhm na nÓstán Éireannach a clár cothaithe le haghaidh leanaí i láthair. Rinneadh plé ar an gceist a bhaineann le filléid sicín i bpacáistiú le hatmaisféar mionathraithe freisin, agus é mar aidhm ag an bhFóram a chinntiú go mbíonn na táirgí seo á láimhseáil i gceart. Rinneadh plé mionsonraithe ar an gClár Laghdaithe Salainn, chomh maith leis an tionchar a bhí ag an ngéarchéim dé-oscaine muiceola. Ghlac an grúpa leis an deis freisin chun plé a dhéanamh leis an Údarás ar an gceist a bhaineann le tuairiscí cigireachta le haghaidh asraonta lónadóireachta a fhoilsiú. Glacadh le scéimeanna comhchosúla sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann. Thángthas ar chomhaontú go ndéanfadh an tÚdarás iarracht ballraíocht an Fhóraim a leathnú arís eile i dtreo dheireadh na bliana 2009.

**Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach**

Tá an tÚdarás ina chathaoirleach ar an gCoiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach. Is é seo an coiste náisiúnta do gach duine a bhfuil páirt acu i dtáirgeadh moileasc débhlaoscach agus iad a chur ar an margadh. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire i rith 2009. Bhí an Coiste páirteach i bpleanáil agus i mbainistiú teagmhas a bhain le sliogéisc dhébhlaosacha; rinne sé athbhreithniú ar an obair a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia maidir le sliogéisc; scrúdaigh sé modhanna tástála a úsáidtear chun sábháilteacht sliogiasc fiáin agus saothraithe a chinntiú; agus rinne sé monatóireacht ar obair taighde leanúnach atá ar bun in institiúidí acadúla in Éirinn agus thar lear agus chuir sé leis an obair sin. Maidir le guaiseacha ar leithligh, dhéileáil an Coiste le ceisteanna a bhaineann le biotocsainí, víris, micribhitheolaíocht agus inrianaitheacht.

## An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia faoin Acht um um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus is ceann de phríomheilimintí de struchtúr an Údaráis í. Ceapann an tÚdarás leath de na comhaltaí agus ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí an leath eile. Beidh an Chomhairle reatha in oifig go dtí deireadh na bliana 2010.

Tá an Chomhairle comhdhéanta de fiche comhalta ó chúlraí an-éagsúil lena n-áirítear próiseáil bia, lónadóireacht, fíoncheannaithe, deimhniú cáilíochta, oideachas agus taighde. Is é príomhchuspóir na Comhairle ná a chur ar chumas an Údaráis a dhualgas a chomhlíonadh chun comhairliúchán forleathan a dhéanamh maidir lena ghníomhaíochtaí. Déantar nithe a tharchur chuig an gComhairle le

go ndéanfar breithniú orthu, ach féadann sí aird an Údaráis a tharraingt ar cheisteanna freisin.

Eagraíodh cúig chruinniú i rith na bliana 2009, agus ba chruinniú poiblí a bhí sa chéad cheann a raibh forbhianna á bplé ann. Rinne an Coimisiún Eorpach, an tÚdarás, Cumann Cheird Sláinte na hÉireann agus an Chomhghuaillíocht um Shláinte Nádúrtha láithreoireachtaí don lucht éisteachta. I rith an chruinnithe, rinneadh plé ar na fáthanna go nglacann daoine forbhianna, chomh maith leis an difríocht idir an tomhaltas iarbhír agus moltaí, agus na dúshláin a bhaineann le reachtaíocht reatha agus beartaithe an AE.

Sna cruinnithe eile, rinne an Chomhairle breithniú ar cheisteanna eile lena n-áirítear: rialuithe ar phacáistiú bia; cothú spóirt; tionchar na ráige *E. coli* O157 sa Bhreatain Bheag; roghanna bia tomhaltóirí i dtimpeallacht eacnamaíochta atá ag athrú; agus forfheidhmiú an riachtanais dhlíthiúil a leagtar síos sa Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 maidir le táillí a ghearradh as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí gnóthaí bia. I mí na Bealtaine, tar éis cuireadh a fháil ó Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia, bhuail Cathaoirleach agus roinnt de bhaill na Comhairle le baill de Choiste Comhairleach Bhia Thuaisceart Éireann agus ghlac siad páirt ina dhiaidh sin i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir le straitéis na Gníomhaireachta don tréimhse 2010-2015.

## Comhoibriú le hEagraíochtaí Eile

Lean an tÚdarás ar aghaidh lena dhlúthchaidreamh le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin trasteorann. Tá foireann an Údaráis ina gcomhaltaí de Choiste Comhairleach Eolaíochta de chuid *safe*food. Maidir le cothú agus sláinte, bhí an tÚdarás ina chomhalta den Choiste Comhairleach de chuid Bia Sláintiúil do Chách (tionscnamh ilghníomhaireachta uile-oileáin a bhfuil sé mar aidhm leis bochtanas bia a chomhrac), glacadh páirt sa Chomhghuaillíocht Croí Náisiúnta agus leanadh ar aghaidh lena chuid oibre le Foras Croí na hÉireann maidir leis an gClár Laghdaithe Salainn.

In 2009, rinneadh athbhreithniú ar an Meabhrán Tuisceana a shínigh an tÚdarás agus Bord Iascaigh Mhara, agus cuireadh síneadh bliana eile leis. Tá obair déanta ag an dá eagraíocht chun tionscnaimh éagsúla a spreagadh agus tacú leo in earnáil an bhia mhara. Mar chuid den chomhoibriú, rinneadh saineolas teicniúil agus faisnéis a chomhroinnt. Tá iarracht déanta ag an Údarás agus ag Bord Iascaigh Mhara cosaint mhaith a sholáthar do thomhaltóirí, i gcomhar le gníomhaireachtaí oifigiúla agus Stáit eile a bhfuil baint acu le hacmhainní mara na tíre, mar shampla an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Foras na Mara, agus béim a leagadh ar chaighdeán bhia mara na hÉireann agus na gnóthaí tacaíochta ag an am céanna, go háirithe gnóthaí a bhíonn ag onnmhairiú, agus iad ag déanamh margaíochta ar bhia atá slán, sláintiúil, agus folláin.

Bíonn caidreamh ag an Údarás leis an mBord Bia chun tacaíocht a thabhairt dá Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta, trí ionchur teicniúil a chur ar fáil óna choistí comhairleacha. In 2009, thug an tÚdarás comhairle maidir le cáilíochtaí mairteola agus uaineola an Bhoird Bhia a chumasc. Bhí baint ag an Údarás leis an obair ullmhúcháin don Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Beatha, san athbhreithniú ar an gcaighdeán cásála do mhuisiriúin agus san fhorbairt ar an gcaighdeán foshraithe do mhuisiriúin. Agus an tÚdarás ag déanamh cinnte go mbíonn na heilimintí sábháilteachta bia cearta san áireamh sna scéimeanna dearbhaithe cáilíochta, is féidir leis muinín a bheith aige go mbeidh leibhéil arda sábháilteachta bia agus sláinteachais ann má chloítear le caighdeáin an Bhoird Bhia.

Chomh maith lena chomhoibriú eolaíoch leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, glacann an tÚdarás páirt sa Ghrúpa Oibre Cumarsáide den Fhóram Comhairleach. Bíonn an grúpa seo ag obair le ranna cumarsáide na ngníomhaireachtaí sábháilteachta bia náisiúnta le cur chuige a thógáil i leith rioscaí sa bhiashlabhra a chur in iúl atá bunaithe ar chomhoibriú agus ar eolas feabhsaithe, agus le cinntiú go mbíonn na teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bhia comhsheasmhach ar fud an Chomhphobail. I rith na bliana 2009, cuireadh tús le treoirlínte a chruthú maidir le rioscaí a chur in iúl agus táthar ag súil go bhfoilseofar iad seo in 2010. Feidhmíonn an tÚdarás mar Lárphointe náisiúnta freisin, chun éascú a dhéanamh ar chomhoibriú agus ar chomhroinnt faisnéise idir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus gach gníomhaireacht sábháilteachta bia san AE. I rith na bliana 2009, rinneadh obair sna réimsí seo a leanas: faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt, tacaíocht a thabhairt do líonraí, páirt a ghlacadh san Ardán Malartaithe Faisnéise, chomh maith le bheith ag obair ar son Bunachar Sonraí Eorpach de Shaineolaithe a bhunú.

Featured Síníodh comhaontú idir an tÚdarás agus Údarás Sábháilteachta Bia na Nua-Shéalainne, rud a chruthóidh naisc eolaíocha níos láidre idir an dá ghníomhaireacht. Tá an ról atá ag Údarás Sábháilteachta Bia na Nua-Shéalainne cosúil le ról an Údaráis sa mhéid agus go bhfuil sé freagrach as sláinte agus leas na dtomhaltóirí a chosaint i gcúrsaí sábháilteachta bia agus

# Rialachas Corparáideach

caighdeáin bhia. Faoin gcomhaontú, déanfaidh an dá ghníomhaireacht faisnéis a chomhroinnt agus rachaidh siad i mbun comhpháirtíochta sna réimsí sin a bhfuil leas frithpháirteach i gceist leo, cosúil le heolaíocht, measúnú riosca, tomhaltas agus comhdhéanamh bia.

Is rud lárnach fós é bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmeanna corparáideacha le cinntiú go bhfuil córais éifeachtacha ann chun soláthar sheirbhísí an Údaráis a éascú do gach páirtí leasmhar, agus a chinntiú ag an am céanna go ndéantar leibhéil arda rialachais chorparáidigh a fhorbairt agus a choinneáil.

Tá Coiste Iniúchta Inmheánaigh ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chórais rialaithe an Údaráis, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus bainistíocht riosca. I rith na bliana 2009, díríodh sa chlár iniúchta ar gach ceist a aithníodh i rith iniúchtaí roimhe sin a chur i gcrích. Tá bainistíocht, Bord agus iniúchóirí seachtracha an Údaráis, sásta leis an gcaoi go bhfuiltear ag tabhairt aghaidh ar gach ceist a aithníodh.

Tá comhoibriú ar bun leis an mBord ar thasc tábhachtach a tosaíodh i rith na bliana chun struchtúr rialachais chorparáidigh an Bhoird a neartú ionas go mbeidh a chuid córais rialachais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Faoin dea-chleachtas rialachais, is cóir rioscaí eagraíochtúla a thógáil san áireamh i ngach gníomhaíocht a bhaineann le pleanáil agus soláthar seirbhísí. I dtreo dheireadh na bliana 2009, rinne an tÚdarás Beartas Bainistíochta Riosca agus Clárlann Rioscaí a fhorbairt, le go mbeadh cur chuige cuimsitheach ann ar fud na heagraíochta maidir le rioscaí a bhainistiú, rud a fheabhsóidh cumas an Údaráis a chuspóirí a bhaint amach. Déanfar monatóireacht agus luacháil orthu seo go rialta le cinntiú go mbeidh dlúthbhaint acu i gcónaí le hobair an Údaráis.

Tá feidhm éifeachtúil airgeadais ann le cinntiú go ndéantar na caighdeáin cuntasaíochta is airde a chomhlíonadh agus go bhfuil córais éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Baineann an tÚdarás úsáid as nósanna imeachta foirmiúla tairiscintí chun raon leathan earraí agus seirbhísí a cheannach. Tugadh faoi chlár oiliúna inmheánach i rith na bliana 2009 le cinntiú go bhfuil na treoirlínte náisiúnta agus treoirlínte an AE is déanaí maidir le soláthar ar eolas ag na baill foirne a bhfuil baint acu le soláthar thar ceann an Údaráis. Rinne an tÚdarás cinnte de freisin gur cuireadh bearta buiséadta na Roinne Airgeadais i bhfeidhm, i dtéarmaí tuarastail agus laghduithe eile ar chaiteachas. Forbraíodh Clár Sócmhainní Seasta, ina bhfuil sonraí maidir le gach sócmhainn atá ag an Údarás. Táthar in ann úsáid a bhaint as an gclár seo chun na tuairiscí uile a tháirgeadh atá riachtanach le haghaidh iniúchóirí agus le haghaidh na ráiteas airgeadais.

Baintear leas as úsáid TF chun seirbhísí a sholáthar, acmhainní a bhainistiú agus próisis oibre a shruthlíniú. Rinneadh uasghrádú ar na córais lárnacha TF i rith na bliana 2009 agus cuireadh líonra limistéir stórála ar mhórscála i bhfeidhm. Cuirfidh an líonra ar chumas an Údaráis fás agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar an líonra TF corparáideach, chun an t-éileamh air sna blianta amach romhainn a shásamh. Ba cheist thábhachtach fós í sonraí faoi rún a chosaint agus slándáil TF a mhéadú. Cuireadh tús le tionscadal chun bogearraí criptiúcháin a chur ar gach ríomhaire glúine iniompartha agus ar gach ríomhaire. Rinneadh uasghrádú ar bhonneagar an bhunachair shonraí freisin in 2009 chun feidhm a bhaint



Eagraíodh comhdháil dhá lá le comóradh a dhéanamh ar 10 mbliain ó bunaíodh an tÚdarás. Ghlac saineolaithe ceannasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimse na sábháilteachta bia páirt sa chomhdháil. Phléigh na saineolaithe feabhsuithe ar réimeas cosanta sábháilteachta bia na hÉireann le deich mbliana anuas agus rinneadh anailís ar bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. D'oscail Mary Harney, T.D., an tAire Sláinte agus Leanaí, an chomhdháil agus leag sí béim ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bhia agus an ról atá ag an Údarás le cinntiú go ndéantar an príomhpháirtí leasmhar sa bhiashlabhra, an tomhaltóir, a chosaint. Le feiceáil ag an gcomhdháil tá (ó chlé): An Dr Robert Madelin, an Coimisiún Eorpach; an Dr Jørgen Schlundt, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte; an Dr Karen Hulebak, Roinn Talmhaíochta Stáit Aontaithe Mheiriceá; Mary Harney, T.D., an tAire Sláinte agus Leanaí; an tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

as teicneolaíochtaí is déanaí an tionscail. De thoradh air sin, bhí an tÚdarás in ann an méadú leanúnach ar na sonraí atá á seoladh isteach ó shaotharlanna micribhitheolaíochta bia oifigiúla agus ó shaotharlanna an anailísí phoiblí ar fud na tíre a láimhseáil.

I bhfianaise an choisc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí, rinneadh bainistíocht ar an soláthar foirne chun an úsáid is fearr agus is oiriúnaí a bhaint as acmhainní agus le cur ar chumas na heagraíochta a shainchúram reachtúil a chomhlíonadh. Tá Coiste Comhpháirtíochta ann chun idirphlé a éascú agus cuireann sé fóram comhoibritheach ar fáil do bhaill foirne ar gach leibhéal chun smaointe faoi gach gné d'oibríochtaí an Údaráis a mhalartú. Leagtar béim leanúnach ar fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta na mball foirne trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar scileanna agus ar shaineolas i ngach réimse tábhachtach ábhartha.

Tá córas bainistíochta cáilíochta i bhfeidhm ag an Údarás agus déanann an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann measúnú agus iniúchadh seachtrach air gach bliain. Is cuid lárnach de struchtúr bainistíochta an Údaráis é an córas bainistíochta cáilíochta agus spreagann sé comhsheasmhacht agus feabhsúcháin leanúnacha le cinntiú go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a chuid freagrachtaí reachtúla, chomh maith leis an méid a bhfuil a chuid custaiméirí/páirtithe leasmhara ag súil leis uaidh. Rinneadh iniúchadh maoirseachta ar an Údarás i rith na bliana 2009, agus chloígh sé leis an gcaighdeán cáilíochta bainistíochta.

Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a chuid dualgas maidir le freagra a thabhairt ar iarratais um Shaoráil Faisnéise agus ar cheisteanna parlaiminte. Fuair an tÚdarás trí iarratas déag um Shaoráil Faisnéise in 2009. Rinne iriseoirí aon cheann déag de na hiarratais, rinne gnó bia ceann amháin agus rinne aturnae ceann eile (thar ceann gnó bia). I measc na n-ábhar a ndearnadh iarratais ina leith, bhí: dé-ocsainí i mbeathú ainmhithe, forfheidhmiúcháin, táillí agus speansais Bhord an Údaráis; faisnéis maidir le tuairiscí ar bhainne foirmle do naíonáin agus ar uisce buidéalaithe; faisnéis maidir le gnó bia ainmnithe; agus comhfhreagras an POF. Rinneadh achomharc ar cheann amháin den trí iarratas déag chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus bhí sí fós á breithniú ag deireadh na bliana. Cuireadh cúig ceist parlaiminte is fiche ó ionadaithe polaitiúla éagsúla faoi bhráid an Údaráis in 2009. I measc na gceisteanna a fuarthas, áirítear ceisteanna a bhaineann le socruithe airgeadais nó soláthar foirne, lipéadú, cigireachtaí agus forfheidhmiúcháin.

Is mar gheall ar ionchur suntasach na mball foirne uile ar fud na heagraíochta go n-éiríonn leis an Údarás a phríomhstraitéisí agus a phríomhthionscnaimh a bhaint amach. Chomh maith leis an méid oibre a dhéanann siad don Údarás, leanann baill foirne ar aghaidh ag cur le go leor gnéithe den obair a bhíonn idir láimhe ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, an Coimisiún Eorpach; an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte; an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta sna Stáit Aontaithe; agus Codex Alimentarius, agus glacann siad páirt san obair seo.



Bhain an tÚdarás deimhniú amach go ISO 9001:2008. Mhol an tUasal Maurice Buckley, POF an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, an tÚdarás as an gcur chuige praiticiúil atá glactha aige maidir lena chlár bainistíochta cáilíochta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Tá an córas seo faoi réir ag faireachas agus iniúchtaí gnáthaimh ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Le feiceáil ag cur i láthair an deimhnithe tá (ó chlé): An tUasal Tom Costello agus an tUasal Maurice Buckley, An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; an tUasal Celine Donoghue, an tUasal Ruth Conefrey agus an tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

# Gníomhaireachtaí Oifigiúla

## a raibh Comhaontuithe Seirbhíse ag an Údarás leo in 2009

Tá an tÚdarás freagrach as reachtaíocht bia in Éirinn a fhorfheidhmiú, agus comhlíonann sé an fheidhm fhorfheidhmithe sin trí chonarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla. Foráiltear an bunús reachtúil dó sin in Alt 48 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Sna na conarthaí a ceapadh idir an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla, leagadh amach leibhéal agus caighdeán na gníomhaíochta i leith sábháilteacht bhia a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí mar ghníomhairí don Údarás. Tháinig an tsraith reatha conarthaí i bhfeidhm ón mbliain 2006 nó níos déanaí, agus mairfidh siad ar feadh tréimhse trí bliana ar a laghad. D'fhéadfaí iad a athbhreithniú aon uair ar iarratas ag ceachtar páirtí.

**Gníomhaireachtaí Oifigiúla a raibh Conarthaí Seirbhíse ag an Údarás leo in 2009**





Ina theannta sin, tá meabhrán tuisceana sínithe ag an Údarás le heagraíochtaí éagsúla eile, chun comhoibriú agus malartú faisnéise maidir le sábháilteacht bhia a éascú. Is é atá i gconradh seirbhíse ná comhaontú dlíthiúil chun reachtaíocht i leith sábháilteacht bhia a fhorfheidhmiú. Ar an lámh eile, sa mheabhrán tuisceana leagtar amach creat le haghaidh comhoibrithe idir eagraíochtaí ina gcuid gníomhaíochtaí maidir le sábháilteacht bhia.

**Eagraíochtaí a bhfuil Meabhrán Tuisceana sínithe ag an Údarás leo in 2009**



# Struchtúr Bainistíochta

Mar a bhí an 31 Nollaig 2009



# Comhaltaí an Bhoird

Mar a bhí an 31 Nollaig 2009



1 2 3 4 5

### 1. An tUasal Eamonn Ryan (Cathaoirleach)

Bhí an tUasal Eamonn Ryan ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann sular ceapadh é mar Chathaoirleach ar an Údarás i Márta 2007. Bhí sé i mbun oibre le linn na ndeich mbliana fichead inar tháinig claochlú ar eacnamaíocht na hÉireann, agus bhí ról lárnach aige i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm straitéise le haghaidh an fháis thar cuimse a tháinig ar an eacnamaíocht sin. Bhí saol oibre fada agus céimiúil ag an Uasal Ryan in earnáil phoiblí na hÉireann agus tá eolas forleathan agus an-taithí aige ar chúrsaí gnó sa bhaile agus i gcéin. Bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin Idirnáisiúnta ar oibriúcháin dhomhanda Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann i Nua-Eabhrac, áit ar mheall an bhainistíocht faoina cheannaireacht mórchuid infheistíochta dírí coigríche ó SAM, ón Eoraip agus ó thíortha na hÁise ar bhruacha an Aigéin Chiúin, agus rinneadh infheistíocht den chineál ab úrscothaí ó thaobh na teicneolaíochta de. Céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é an tUasal Ryan agus rinne sé breis staidéir in Ollscoil Columbia agus in Carnegie Mellon.

### 2. An tOllamh John Daniel Collins

Is Ollamh Emeritus le Staidéir Chliniciúla ar Ainmhithe Feirme sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é an tOllamh John Daniel Collins, M.V.B., M.V.M., M.S. (Calif.), Ph.D., M.R.C.V.S. Tá sé ina Chomhalta Oinigh den Choláiste Eorpach um Shláinte Phoiblí Thréidliachta agus ina Chomhalta Oinigh d'Institiúid na hÉireann um Eolaíocht agus Theicneolaíocht an Bhia. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an Ionad Sábháilteachta Bia agus ina Stiúrthóir ar Ionad Eipidéimeolaíochta Tréidliachta agus Measúnaithe Riosca sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath roimhe seo. Tá an tOllamh Collins ina chomhalta de Choiste Eolaíoch an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia agus ina Chathaoirleach ar Phainéal Eolaíoch um Ghuaiseacha Bitheolaíochta an Choiste. Tá sé ina chomhalta de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

### 3. An tUasal Tom Collins

